



seirbhís
dheonach



neamhchlaontait

daonnacht





Tuarascáil Bhliantúil 2008



neamhspleáchas



aontacht



neodracht

uifócht



2008

Fear as an gCéinia agus a mhac.

Foireann dhíograiseach Champa Óige 2008

Ar cúl C-D AnnaMarie O'Carroll, Fintan Breen (AFL Luimnigh), Darren Ryan, Caitríona Ryan, Stephen Ryan (CónICD), Ted Noonan (AFR, Réigiún an Deiscirt), John Roycroft (Ard-Rúnaí Chrois Dhearg na hÉireann), Tony Lawlor (Leas-Chathaoirleach Chrois Dhearg na hÉireann), Mary Lynch, Aiden Lonergan, Peter Ryan, Monica Middleton (Rúnaí Oinigh Chrois Dhearg na hÉireann) agus Darryl Coen.

Sa lár C-D John Roche (CónICD), Bernie Rutherford, Anna Fitzgerald, Sarah Jane Yeung, Eimear Gaffney, Lucy Banks, Michelle McHale, Angela Coen agus Gerard McHale.

Chun tosaigh C-D Sandra Stanley agus Tom Horwell (Cathaoirleach, Grúpa Oibre Náisiúnta Óige).

Oibríthe deonacha i gCrois Dhearg na Maláive.

An tSín – páiste a tháinig slán ó chrith talún.

Beirt bhuachaillí as Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Páistí as Uganda.

Páistí as an Nigir.

An tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa le baill de Chrois Dhearg na hÉireann a ghnóthaigh Gradam Óir Gaisce.

Beo leis agus VEID/SEIF air: Daniel Kimani (9 mbliana)

seirbhís dheonach



daonnacht

neamhchlaontacht

Tuarascáil Bhliantúil 2008



neamhspleáchas

aontacht

neodracht

uifócht

Le chéile arís: Duine arbh shaighdiúr é ina pháiste dó ar ais lena theaghlach nach bhfaca sé ar feadh ocht mbliana.

Sri Lanca: Teaghlach a fuair dídean ó Chrois Dhearg na hÉireann.

Géarchéim na Súdáine/Darfur: buachaill beag i Sead ag fanacht le bia.

An Nigir: buachaillí beaga.

An Nigir: Teaghlaigh ag baint leasa as cláir Chrois Dhearg na hÉireann

Ball de Chrois Dhearg na hÉireann i mbun cleachtadh Garchabhrach.

Feachtas Téacsanna Chrois Dhearg na hÉireann um Chúnamh do Mhuintir Mhaenmar. Rannpháirtithe as an bhFrainc sa Champa Óige Idirnáisiúnta

Cúram Láimhe Teiripeach.

Léiríonn oibrí deonach le Crois Dhearg na Banglaidéise an córas réamhrabhaidh cioclóin.

An Aetóip – Ionad Bia.

An Chéinia – Daoine Easáitithe.

Géarchéim na Súdáine/Darfur: Dídeanaithe i Sead.

Clár na nÁbhar

Uimhir Leathanaigh

Coinbhinsiúin na Ginéive.....	2
Bunphrionsabail.....	3
Réamhráite.....	4 – 5
Léarscáil de Ghníomhaíochtaí Domhanda.....	6 – 7
Toscairí Thar Lear.....	8
Ár gCuid Oibre in Éirinn.....	9
Oiliúint agus Seirbhísí Garchabhreacha.....	10 – 11
Otharcharranna Nua.....	12
Cuardach agus Tarrtháil.....	12
Tarrtháil Sléibhe.....	13
Bainistiú Cásanna Mór-Éigeandála.....	13
Seirbhísí agus Forbairt Pobail.....	14
Campa Óige Idirnáisiúnta.....	15
Torthaí Comórtas.....	16 – 17
Ár gCuid Oibre Thar Lear.....	19
Cnuas-Mhuinisin.....	20
Tuarascáil ar Thubaistí Domhanda.....	21
Athbhunú Ceangal idir Teaghlaigh.....	22 – 24
Dlí Daonchairdiúil Idirnáisiúnta.....	25
Foréigean ar Bhonn Inscne.....	25
An Indinéis.....	26 – 27
Srí Lanca.....	28 – 29
Na hOileáin Mhaildíve.....	30
An India.....	31
An Bhanglaidéis.....	32
An tSín.....	33
Maenmar.....	34
An Chéinia.....	35
An Mhaláiv.....	36 – 37
An tSiombáib.....	38
An Nígir.....	39
Poblacht Dhaonlathach an Chongó.....	40
Uganda.....	41
An Libéir.....	41
An Aetóip.....	42
An tSomáil.....	43
An tSúdáin-Darfur.....	44
Tiomsú Airgid.....	45
Cúrsaí Cumarsáide.....	46 – 47
Cuntais Achoimre Airgeadais.....	48 – 49

Coinbhinsiúin na Ginéive

1. Feabhsú staid ar an lucht créachtaithe agus an lucht breoite i bhfórsaí armtha ar an machaire
2. Feabhsú staid na gcomhaltaí créachtaithe, breoite agus longbhriste d'fhórsaí armtha ar muir
3. Cóireáil príosúnach cogaidh
4. Cosaint daoine sibhialta in aimsir chogaidh.



Prótacal 1: Íospartaigh coinbhleachtaí armtha idirnáisiúnta a choimirciú.

Prótacal 2: Íospartaigh coinbhleachtaí armtha neamh-idirnáisiúnta a choimirciú.

Bunphrionsabail

Daonnacht Féachann an Chrois Dhearg - ar bhonn idirnáisiúnta agus ar bhonn náisiúnta – le cuidiú leis an duine atá ag fulaingt, is cuma cén áit a bhfuil sé/sí, agus le deireadh a chur leis an bhfulaingt trí chéile. Is é cuspóir na Croise Deirge beatha an duine agus a c(h)uid sláinte a choimirciú agus a chinntiú go mbíonn meas ar an duine. **Neamhchlaontacht** Ní dhéanann an Chrois Dhearg aon idirdhealú ar dhaoine ar bhonn náisiúntachta, cine, creidimh reiligiúnaigh, aicme nó tuairimí polaitiúla. Féachann sí le cuidiú leis an duine atá ag fulaingt agus is iad riachtanais an duine féin is bonn leis an gcineál cuidithe a thugtar. Féachtar le tús áite a thabhairt do na cásanna is práinne agus do na daoine is mó atá i gcruachás. **Neodracht** Ní fhéadfaidh an Chrois Dhearg taobhú le haon pháirtí atá i mbun cogaióchta agus ní fhéadfaidh sí páirt a ghlacadh i gconspóidí polaitiúla, ciníocha, reiligiúnacha ná idé-eolaíocha. **Neamhspleáchas** Ní mór don Chrois Dhearg a bheith uathrialach i gcónaí sa dóigh go mbíonn cead a cinn aici gníomhú de réir phrionsabail na Croise Deirge. **Seirbhís Dheonach** Is eagras deonach fóirithinte é an Chrois Dhearg agus ní hí an mhian chun aon rud a ghnóthú is spreagadh aici. **Aontacht** Aon chumann amháin de chuid na Croise Deirge atá ceadaithe i ngach aon tír ar leith. Ní mór don chumann a bheith oscailte do chách. Ní mór dó a chuid oibre daonnúla a dhéanamh ar fud na dúiche lena mbaineann sé. **Uilíocht** Is foras domhanda é an Chrois Dhearg agus tá an stádas céanna ag gach cumann ann. Tá comhfhreagrachtaí agus comhdhualgais i gcoiteann ar na cumainn uile chun cuidiú lena chéile.

Réamhrá

David Andrews, Cathaoirleach



Grianghraf: Lensmen.

Táimid ag druidim le 2009, 70 bliain ó bunaíodh Crois Dhearg na hÉireann, agus is léir gur mór an fás agus an fhorbairt atá déanta againn i mbliana.

Tá forás suntasach tagtha ar roinnt mhaith réimsí mar gheall ar a spreagtha atáimid an t-eagras a fhorbairt anseo in Éirinn agus thar lear. Ag éirí as sin tá seirbhísí feabhsaithe agus buntáistí níos fearr ag na daoine go léir a bhíonn ag brath orainn.

Anseo in Éirinn, molaim go mór mhór an méadú leanúnach atá tagtha ar linn na ndaoine atá oilte againn i scileanna tarrthála agus cúraim. Tá sé iontach tábhachtach don tsochaí go mbeifí in inmhe cúram a thabhairt do dhaoine i gcásanna éigeandála nó ar bhonn leanúnach thar thréimhse níos faide, mar tá daoine ann atá uaigneach, eaglach agus i bpian.

Is mar gheall ar ardcháilíocht na hoiliúna a chuirimid ar fáil a bhfuil méadú tagtha ar an éileamh atá uirthi san earnáil chorparáideach. I mbliana tugadh aitheantas tábhachtach do ghnéithe nua dár gclár oiliúna, rud a bheidh mar bhunchloch na forbartha amach anseo.

Tá ár gcuid saineolais le feiceáil thar lear freisin mar a n-oibrímid i gcomhpháirt le cumainn áitiúla de chuid na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge agus trínár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus

Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumann na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge.

Tá ceithre bliana curtha isteach againn ag obair i dtíortha buailte ag an súnámaí, an Indinéis agus Sri Lanca go háirithe. Agus muid ag druidim leis an gcúigiú bliain, bliain deiridh an chláir, táim sásta a rá go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta againn chun scoileanna, tithe agus cláir riachtanacha pobail a chur ar fáil do dhaoine sna tíortha sin.

Lena chois sin, leanadh ar aghaidh lenár gcláir san Afraic, sa Nígir agus sa Mhaláiv go háirithe, áit ar a raibh mé féin ar cuairt le linn na bliana. Is tacaí beatha ceart an cuidiú a thugaimid do dhaoine a bhíonn ag brath orainn saineolas a chur ar fáil chun uisce glan a sholáthar agus slite beatha a fhorbairt.

Fíorbhaol do na milliúin duine ar fud na hAfraice is ea an t-athrú ar an aeráid, éagobhsaíocht pholaitiúil agus, ar ndóigh, ganntanas bia. Tugaim ar aird na cuntais shonracha atá sa tuarascáil seo ar na gníomhaíochtaí atá déanta ar son Chrois Dhearg na hÉireann i gcuid mhór tíortha ar fud na domhain chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo.

Is cúis bhróin é bás an Dochtúra Patrick Hillery, Iar-Uachtarán agus duine de na comhlaigh is fiúntaí a bhí riamh ag Crois Dhearg na hÉireann. Bhí sé fial i gcónaí lena chuid eolais agus léirigh sé antacaíocht dúinn le linn a uachtaránachta.

Tá Crois Dhearg na hÉireann iontach buíoch don Uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa a bhfuil tacaíocht tugtha go rialta aici thar na blianta don eagras. Mar sin de, is cúis bhróid go háirithe i mbliana é gur éirigh le baill óga Chrois Dhearg na hÉireann ceithre ghradam óir Gaisce a ghnóthú. Molaim go hard iad, agus na baill eile freisin, as ar léirigh siad d'fheabhas a gcuid scileanna i dtástálacha cumas mar Gaisce agus i gcomórtais éagsúla i gcaitheamh na bliana. Molaim na baill is óige agus na ceannairí óige freisin as tabhairt go fonnmhar faoi chlár óige nuasheolta Chrois Dhearg na hÉireann, OPTIONS.

Thug roinnt daoine mór le rá ar an ardán

idirnáisiúnta cuairt ar Chrois Dhearg na hÉireann in 2008 agus chuaigh díograis agus tiomantas ár mball agus ár lucht tacaíochta i bhfeidhm go mór orthu. Ina measc bhí Uachtarán Chumann Sádach an Chorráin Dheirge, an Prionsa Faisal bin Abdullah bin Abdulaziz al-Saud. Ba mhór an onóir dúinn freisin gur thug beirt de na daoine is airde gradam san eagras go hidirnáisiúnta cuairt orainn. Thug Jakob Kellenberger, Uachtarán Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD), cuairt orainn mar chuid dá mhisean maidir leis an gComhdháil ar Chnuas-Mhuinisín. Tá Markku Niskala, Ard-Rúnaí Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumann na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge ag dul as oifig ach thug sé cuairt orainn, mar ionadaí na Cónaidhme, tráth ar bunaíodh comhpháirtíocht nua idir Cúnamh Éireann, Crois Dhearg na hÉireann agus an Chónaidhm.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an tuarascáil seo a mholadh agus buíochas a ghabháil le baill uile Chrois Dhearg na hÉireann, leis an bhfoireann sa bhaile agus thar lear agus leo siúd go mór mhór a d'oibrigh in éineacht liom féin agus le mo chomhghleacaithe ar an gCoiste Feidhmiúcháin agus ar an gComhairle Láir. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil freisin lenár n-urraithe, lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár ndeontóirí ar fad. Mar gheall ar a gcuid flaitiúlachta táimid in ann gníomhú sa bhaile agus ar fud an domhain lena chinntiú go mbeidh an todhcháí níos fearr.

David Andrews
Cathaoirleach.

Réamhrá

John Roycroft, Ard-Rúnaí



Grianghraf: Lensmen.

Léiríonn na taifid don bhliain 2008 gur maraíodh an dara líon daoine is mó mar gheall ar tubaistí ó bhí bliain an tsúnámaí san Aigéan Indiach ann. An críth talún sa tSín agus an cioclón i Maenmar (Burma) is cúis leis seo.

In ainneoin na mórleamh seo gan coinne ar ár gcuid seirbhísí, léirítear sa tuarascáil seo go rabhamar níos tiománta ná riamh do mhuintir na hAfraice agus do mhuintir na hÁise, áit a bhfuil deireadh ag teacht lenár gclár atógála cúig bliana i ndiaidh an tsúnámaí.

Tá cuidiú tugtha againn i mbliana do dhaoine i 17 dtír san iomlán. Breis agus €5.5 milliún a caitheadh ar chlár i dtíortha buailte ag an tsúnámaí, agus beagnach €1 milliún eile a caitheadh chun clár eile san Áise a mhaoiniú, ina measc clár a bhaineann leis na tubaistí thuasluaite sa tSín agus i Maenmar.

De réir ár Straitéise Idirnáisiúnta a foilsíodh anuraidh, áfach, tá sé de rún ag Crois Dhearg na hÉireann níos mó forbartha a dhéanamh ar ár gclár san Afraic. Cheana féin i mbliana, tá maoiniú de bheagnach €1 milliún déanta ar na príomhchláir dhéthaobhacha atá againn sa Mhaláiv agus sa Nígir, a bhfuil sin go háirithe leis na príomhdheonaithe straitéiseacha, le Cúnamh Éireann, le Gorta, gníomhaireacht forbartha, le Cúnamh Leictreach comhpháirtí maoinithe corparáideach, agus le Crois Dhearg na Breataine.

Rinne Cúnamh Éireann infheistíocht mhór straitéiseach i gCrois Dhearg na hÉireann agus comhaontaíodh clár maoinithe ar fiú €6 milliún é. Rachaidh an infheistíocht seo chun leasa na gcomhpháirtithe domhanda atá againn chomh maith i gCónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge. Méadó a dhéanamh ar inniúlacht Chumainn Náisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge in Iarthar agus i Lár na hAfraice is ea ceann de na príomhchuspóirí a bhaineann leis an gcomhpháirtíocht seo. Ar na cuspóirí eile tá freagairt agus ullmhacht i leith tubaistí, agus don chéad uair riamh, maoiniú obair Chrois Dhearg na hÉireann thar lear, go háirithe sa Mhaláiv agus sa Nígir.

D'oibríomar go gníomhach freisin chun deireadh a chur leis an mbás agus leis an ngortú uafásach a thugtar le cnuas-mhuinisín. Mar thoradh ar ár n-iarraichtaí shínigh Éire coinbhinsiún nua i mí na Nollag 2008 a chuireann srian mór ar an úsáid a bhaintear as na muinisín seo. Roimh shíniú an choinbhinsiúin bhí Rialtas na hÉireann mar óstach ar chomhdháil idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine agus bhí an-rath uirthi. Bhí sé d'onóir agamsa a bheith mar cheann thoscaireacht Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge, grúpa a chuidigh go mór leis an gcomhaontú nua tábhachtach idirnáisiúnta seo a dhaingniú.

Anseo in Éirinn rinneamar infheistíocht freisin in otharcharranna agus i dtrealamh nua, rud a chinnteoidh go bhfaighidh na daoine a bhaineann úsáid as ár gcuid seirbhísí cúram den cháilíocht is airde. Mar gheall ar an infheistíocht seo bhíomar in ann an sciar againn féin de mhargadh na seirbhísí Garchabhrach agus sheirbhísí eile sláinte agus sábháilteachta ar láthair na hoibre a mhéadú, agus tá creidiúnú foirmiúil stáit ón gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal (CCPRO) agus ó Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (CDBO) faighte ag cuid mhór dár gcúrsaí oiliúna.

Mar sin féin, is cumann deonach go smíor é Crois Dhearg na hÉireann a bhunaíonn a chuid oibre ar riachtanais na bpobal a thugann tacaíocht dó. Bíonn fáil ar

ár gcuid oibríthe deonacha de ló agus d'óiche, go háirithe orthu siúd atá mar chuid dár gcaobhacha speisialtóireachta Cuardaigh agus Tarrthála i gceantar Shligigh-Liatroma, i gContae Chill Mhantáin agus i gConamara.

Na hoibríthe deonacha seo, agus iadsan a oibríonn otharcharranna ar fud na tíre agus a thugann cúram do dhaoine scothaosta, is iad na daoine seo atá mar bhunchloch Chrois Dhearg na hÉireann agus is cúis spreagtha againn gur bunaíodh níos mó caobhacha nua in 2008 ná mar a bunaíodh bliain ar bith eile. Chomh maith leis na seirbhísí a chuireann na hoibríthe deonacha seo ar fáil ina bpobail féin, caitheann siad am ag eagrú imeachtaí. Ar cheann de na himeachtaí ba shuntasáí bhí an chéad Champa Óige Idirnáisiúnta riamh de chuid Chrois Dhearg na hÉireann. Reáchtáladh an Campa in Ollscoil Luimnigh agus bhí daoine óga as 16 tír éagsúla páirteach ann. Is go humhal a deirim gur pribhléid agam é obair in éineacht le hoibríthe deonacha a thugann an oiread sin uathu gan a bheith ag dúil le haon rud a ghnóthú ar ais.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na hoibríthe deonacha agus le Cathairleach agus comhaltaí an Choiste Fheidhmiúcháin agus na Comhairle Láir as a gcuid tacaíochta le linn na bliana. Ní fhéadfaí an obair seo ar fad a dhéanamh gan an tacaíocht a fuaireamar ónár ndeonaithe, go háirithe na deonaithe institiúideacha sa rialtas agus ár n-urraithe corparáideacha. Tá súil agam go léiríonn an tuarascáil seo do chách luach ár gcuid oibre ar a son siúd agus beidh mé ag dúil le bheith ag obair in éineacht leo amach anseo.

Ard-Rúnaí

Gníomhaíochtaí Domhanda

Tá na háiteanna ina mbíonn Crois Dhearg na hÉireann i mbun oibre léirithe ar an léarscáil seo. Táimid mar chuid den líonra daonnúil is mó ar domhan – gluaiseacht na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg.



Tá thart ar 97 milliún duine i 186 tír ar fud an domhain ina mbaill d'eagrais de chuid na Croise Deirge nó an Chorráin Dheirg. Tá eagrais de chuid na Croise Deirge nó de chuid an Chorráin Dheirg i mbeagnach gach ceann de na tíortha ar an léarscáil seo agus iad go léir ag obair le cuidiú le daoine.

Bunaíodh Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge sa bhliain 1863 agus bunaíodh Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, foras comhordaithe, i 1919. Reáchtálann siad cláir i dtíortha ar fud an domhain trína soláthraítear seirbhísí riachtanacha i réimsí mar shláinte, dídean, uisce agus sláintíocht, oideachas agus fóirithint éigeandála.





Díríonn Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge go speisialta ar an bhfulaingt a eascraíonn as an gcogaíocht a mhaolú agus cuireann a chuid saíneolais sa réimse sin i bhfeidhm. Maidir le Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, pléann an t-eagras sin le hullmhacht agus fóirithint i gcás tubaistí, agus téann sí i ngleic leis an bhfulaingt a éiríonn as creathanna talún, spéirlingí, tuilte agus tubaistí eile.

Bronnadh Duais Síochána Nobel ar Ghluaiseacht na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg níos minice ná aon eagras eile – ceithre huairé san iomlán. Ba ar Henry Dunant, bunaitheoir na Croise Deirge/an Chorráin Dheirg, a bronnadh an chéad Duais Síochána Nobel.

Toscairí Thar Lear

Sloinne	Chéadainm	Áit	Líne Tuairiscíth	Post	As
Buchanan	Gary	An Ghinéiv	CICD	Lóistíocht	Contae an Dúin
Buxt	Stevan	An Indinéis	CCDÉ	For-rochtain Phobail	An Afraic Theas
Carter	Simon	An Indinéis	CCDÉ	Airgeadas agus Riarachán	An Astráil
Coppens	Thierry	An Nígir	CCDÉ	Ionadaí Tíre	An Bheilg
Cummings	Timothy	An Indinéis	CCDÉ	Ionadaí Tíre	Stáit Aontaithe Mheiriceá
Cunningham	Anne-Marie	An Mhaláiv	CCDÉ	Monatóireacht agus Measúnú	Baile Átha Cliath
Cunningham	Susanna	Oileán Mhuiris	CónICD	Ceann Oifig Fhoréigiúnach an Aigéin Indiaigh	Baile Átha Cliath
Dawson	Charlotte	An Nígir	CCDÉ	Oifigeach Cláir	An Ríocht Aontaithe
Eastwood	Wardell	Srí Lanca	CCDÉ	Bainisteoir Tionscadal Innealtóireachta	An Ríocht Aontaithe
Evrard-Diakite	Madeline	An Nígir	CCDÉ	Bainisteoir Chlár na Slite Beatha	An Fhrainc
Finegan	Oran	An Chosaiv	CICD	Comhairleoir Réigiúnach Fóiréinsice sna Balcáin	Contae Lú
Hannon	Eileen	An Nígir	CCDÉ	Riarachán Airgeadais	Contae Chorcaí
Harris	Simon	Srí Lanca	CCDÉ	Comhordaitheoir Tíre	An Ríocht Aontaithe
Janodet	Eve	An Nígir	CCDÉ	Bainisteoir Tionscadal um Dheontais Bheaga	An Fhrainc
Khan	Nazbul	Srí Lanca	CCDÉ	Toscaire Sinsearach um Shlite Beatha	An Bhanglaidéis
Khanna	Nikhil	Srí Lanca	CCDÉ	Innealtóir Foirgníochta	An India
Kim	Olga	An Indinéis	CCDÉ	Monatóireacht agus Measúnú	An Chasacstáin
Kingston	Nellie	An Nígir	CCDÉ	Comhordaitheoir Cláir	Contae Chorcaí
Koroma	Alpha	An Nígir	CCDÉ	Riarachán Airgeadais	Siarra Leon
Loughney	Ciara	Nalchik	CICD	Toscaire Allamuigh	Éire
Lowry	Joe	An Úcráin	CónICD	Ionadaí Tíre	Baile Átha Cliath
Lusted	Vivien	Srí Lanca	CICD	Sláinte	Contae na Gaillimhe
MacSweeney	Daniel	An Afganastáin	CICD	Toscaire Coimirce	Baile Átha Cliath
Mamutalieva	Elazt	An Indinéis	CCDÉ	Bainisteoir an Chláir Oideachais	An Chirgeastáin
McDermott	Martin	Na Filipínigh agus An Mhalaeisia	CICD	Slándáil Fhórsaí Coinneála/Armtha	Contae Chill Chainnigh
Meagher	Seamus	An tSúdáin/ An Phacastáin	CICD	Lóistíocht	Contae Thiobraid Árann
Modelo	Maria	An Nígir	CCDÉ	Airgeadas agus Riarachán	An Spáinn
Monson	Moris	An Indinéis	CCDÉ	Innealtóir Uisce agus Sláintíochta	Siarra Leon
Norton	Willie	An Libéir	CICD	Lóistíocht	Baile Átha Cliath
O'Suilleabhain	Donal	Srí Lanca /An tSeoirsia	CICD	Innealtóir Uisce agus Áitribh Chónaithe	Contae Shligigh
Pocock	Tanya	Oileáin Mhaildíve	CónICD	TF agus Teileachumarsáid	Baile Átha Cliath
Prewitt	Daniel	An Nígir	CCDÉ	Comhordaitheoir Tíre	Stáit Aontaithe Mheiriceá
Roche	John	An Ghinéiv	CónICD	Comhordaitheoir Oibríochtaí san Afraic	Baile Átha Cliath
Rogers	Will	An Indinéis	CCDÉ	For-rochtain an Phobail	An Astráil
Rooney	Cormac	An Phacastáin	CónICD	Comhordaitheoir Foirgníochta	Contae Lú
Ryan	Aengus	An Indinéis	CCDÉ	Innealtóir Uisce agus Sláintíochta	Éire
Ryan	Stephen	An Ghinéiv	CónICD	Óige agus Cumarsáid	Contae Chorcaí
Van-Leuffel	Sten	An Nígir	CCDÉ	Bainisteoir Cláir um Méadú Inniúlachta	An Bheilg
Varughese	Elamma	An Indinéis	CCDÉ	Bainisteoir an Chláir Oideachais	An India
Wardick	Michael	Oileáin Mhaildíve	CónICD	Innealtóir Sinsearach Foirgníochta	Baile Átha Cliath
Whelan	Robert	Na Filipínigh	CICD	Toscaire Coimirce	Éire

Ár gcuid oibre in Éirinn



2008

Ár gcuid oibre in Éirinn

Seirbhísí Garchabhracha agus Oiliúna

Oiliúint

In ainneoin na ndúshlán atá roimh Rannóg na Seirbhísí Tráchtála mar gheall ar an ngéarchor sa gheilleagar, mhéadaigh arís in 2008 ar an éileamh ar na seirbhísí Garchabhrach agus ar na seirbhísí eile oiliúna a chuireann Crois Dhearg na hÉireann ar fáil. Is í Rannóg na Seirbhísí Tráchtála a sholáthraíonn oiliúint agus a fhreastlaíonn ar riachtanais sláinte agus sábháilteachta ag cuideachtaí ar láthair na hoibre.

Chuaigh 15,807 duine san iomlán faoi oiliúint ag Crois Dhearg na hÉireann in 2008, méadú

chúrsa an Dífhibrileora Chairdiaigh le hais 2007, agus tháinig méadú 67% ar líon na ndaoine a d'fhreastail ar an mbunchúrsa Tacaíocht Beatha le hais 2007.

Chomh maith leis an oiliúint dheimhniithe inseirbhíse a chuireann Crois Dhearg na hÉireann ar fáil, reáchtálar seimineáir, comhdhála agus ceardlanna dár mbaill féin chun deis a thabhairt dóibh a gcuid scileanna a athnuachan. In 2008, d'fhreastail 130 ball de chuid Chrois Dhearg na hÉireann ar sheimineár do Theagascóirí Garchabhrach Ceirde.

a athfhaomhadh faoin gcóras nua Garchabhrach Ceirde.

Sheol Crois Dhearg na hÉireann cúrsa nua i nGarchabhair Cheirde freisin a chomhlíonann riachtanais nua Leibhéal 5 an CPBO, lena n-áirítear oiliúint dífhibrileora. Is éacht suntasach é seo mar tá Leibhéal 5 an CPBO ar comhcaighdeán leis an Ardteistiméireacht.

Bhain Crois Dhearg na hÉireann aitheantas tábhachtach amach i mbliana ón gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal (CCPRO) mar institiúid chreidiúnaithe oiliúna. Mar aon lena bheith creidiúnaithe ag an CCPRO mar institiúid oiliúna, rinne an CCPRO trí chúrsa de chuid Chrois Dhearg na hÉireann a chreidiúnú freisin. Is iad na cúrsaí atá i gceist:

CPBO

Sheol Crois Dhearg na hÉireann cúrsa nua i nGarchabhair Cheirde a chomhlíonann riachtanais Leibhéal 5 an CPBO

beag le hais 2007. Bhí méadú suntasach ar an dá chúrsa a phléann le cúram cairdiach le hais na bliana roimhe sin, mar atá cúrsa an Dífhibrileora Chairdiaigh agus an bunchúrsa ar Thacaíocht Beatha. Is léiriú é an méadú suntasach seo ar an bhfoin méadaithe atá ar dhaoine dul i ngleic leis an ráta básanna in Éirinn, ráta atá ard i gcomparáid le tíortha eile. Tháinig méadú 83% ar líon na ndaoine a d'fhreastail ar

Creidiúnú agus Cailíochtaí

Is soláthróir oiliúna é Crois Dhearg na hÉireann atá aitheanta ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus cuireann sí oiliúint ar fáil do na mílte duine gach bliain. Le linn 2008 rinne an Ghníomhaireacht Measúnaithe um Gharchabhair Cheirde, ar son an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, Crois Dhearg na hÉireann

- Túsfhreagairt Chairdiach (Leibhéal freagróra)
- Túsfhreagairt (Leibhéal cleachtóra)
- Túsfhreagairt i gCás Éigeandála

47%


Céatadán na ndaoine chuaigh faoi oiliúint thráchtála ag Crois Dhearg na hÉireann in 2008

Oiliúint Thráchtála

Bhunaigh Crois Dhearg na hÉireann seirbhís shainiúil ar na mallaibh chun freastal ar riachtanais chuideachtaí i réimse na sláinte agus na sábháilteachta agus tá an-rath ar fad uirthi. Tá ár gcuidreamh leis an earnáil chorparáideach in Éirinn treisithe mar gheall ar an tseirbhís agus tá deiseanna nua gnó i ndiaidh éirí aisti a

Oiliúint Inseirbhíse


Líon iomlán daoine arna n-oiliúint: 1,050



- Oiliúint ar Oibríochtaí Otharchairr 40%
- Cosaint Leanai 23%
- Garchabhair Mheánleibhéil 18%
- Bainistíocht ar an strus a leanann teagmhais chriticiúla (Leibhéal I agus II) 8%
- Túsfhreagróirí in Éigeandáil Míochaine 6%
- Teagascóirí (gach scil) 5%

Cúrsaí Poiblí


Líon iomlán daoine arna n-oiliúint: 7,262



- Bun-Gharchabhair / Garchabhair Phraiticiúil 45%
- Athbheochan le Dífhibrileoir agus Athbheochan Chardascámhógach 30%
- Garchabhair Cheirde 21%
- Cúrsa do Chúramóirí 1%
- Cúram Láimhe Teiripeach 1%
- Bunchúrsa Garchabhrach 1%
- Tógáil Shábháilte 1%

Oiliúint Thráchtála

Líon iomlán na ndaoine arna n-oiliúint: 7,495



- Garchabhair Phraiticiúil 39%
- Garchabhair Cheirde 31%
- Cúram Dífhibrileora agus Cairdiach 26%
- Tógáil Shábháilte agus Eile 4%



Foireann Práinnfhreagartha agus Foireann Sláinte Cheirde Chrois Dhearg na hÉireann i gceann de láithreacha oibre Chrois Dhearg na hÉireann. Sa phictiúr, ó chlé, tá Karen Towe, Altra Sláinte Cheirde, Tommy O'Sullivan, Túsfhreagróir in Éigeandáil Míochaine agus Pat Merrick, Túsfhreagróir in Éigeandáil Míochaine.

chuirfidh leis an maoiniú atá de dhíth orainn lenár n-aidhmeanna mar eagrais carthanachta a bhaint amach chun cúram a chur ar fáil do dhaoine inár bpobal féin agus thar lear.

I mbliana seoladh uimhir nua shaorghlao, 1890 502 502, agus suíomh gréasáin sainiúil, www.RedCrossTraining.ie, le go mbeidh eolas ar fáil aon uair do chuideachtaí agus d'eagrais maidir le seirbhísí oiliúna nó seirbhísí ar láthair na hoibre. Tá an fhorbairt seo mar thacaíocht leis an trí oifig réigiúnacha a bunaíodh i Luimneach, i gClár Chlainne Mhuiris agus i mBaile Átha Cliath. Le linn 2008, tháinig méadú suntasach ar an éileamh ag cuideachtaí agus ag eagrais ar ár seirbhísí. Bhí méadú 13% ar líon na ndaoine a chuaigh faoi oiliúint. Trínár n-aonad oiliúna tráchtála, oileadh 7,495 duine i nGarchabhair, i dtógáil shábháilte, i ndífhibriú agus i gcúrsaí gaolmhara sláinte agus sábháilteachta. Is ionann é sin agus 47% de mhéid iomlán na ndaoine ar chuir Crois Dhearg na hÉireann oiliúint orthu in 2008, agus tá méadú ar an gcéatadán sin le hais na bliana roimhe sin.

Tá Crois Dhearg na hÉireann ar cheann de na soláthróirí oiliúna is mó Garchabhair Cheirde agus cuirimid oiliúint i nGarchabhair Cheirde ar fáil ar fud na tíre, rud nach ndéanann soláthróirí eile oiliúna.

An phríomhghné eile a bhaineann le hoiúint i nGarchabhair Tráchtála is ea oiliúint i nGarchabhair Phraiticiúil, cúrsa nua a seoladh ar na mallaibh. Tá an-éileamh air seo ag na scoileanna agus ag na grúpaí pobail go léir a dhéanann cúrsaí oiliúna Chrois Dhearg na hÉireann.

Le linn 2008 ba é aonad oiliúna tráchtála Chrois Dhearg na hÉireann a bhí mar rogha ag roinnt custaiméirí móra ar fud na hÉireann mar sholáthróir oiliúna. Ar na cliant atá againn tá cuideachtaí móra ilnáisiúnta, eagrais phoiblí, custaiméirí ó earnáil na bhFiontar Beag agus Meánach (FBM) agus na mílte gnáthdhuine. (Féach an liosta cliant thíos).

Tá breis agus 200 teagascóir lánchálaithe ar fud na tíre ag Crois Dhearg na hÉireann a bhfuil réimse leathan cáilíochtaí acu i gcúram réamh-ospidéal. Ar na réimsí cáilíochtaí agus taithí atá ag ár dteagascóirí tá Garchabhair Cheirde, Túsfhreagróir in Éigeandáil Míochaine, Tógáil Shábháilte, oiliúint i modhanna teagaisc agus taithí dheonach nach beag ar a bheith ag freagairt i gcásanna forthaisimí, éigeandála agus tinnis. De thairbhe an oiliúint a bheith bunaithe ar na scileanna agus ar an taithí atá acu i bhforchásanna, foghlaimíonn na mic léinn go réidh an bealach is fearr le déileáil le cibé cás éigeandála a bhíonn i gceist.

1890 502 502

www.RedCrossTraining.ie

An uimhir nua shaorghlao agus an suíomh gréasáin sainiúil a seoladh in 2008

Seirbhísí Tráchtála

Fostaíonn Crois Dhearg na hÉireann roinnt Túsfhreagróirí in Éigeandáil Míochaine agus Altraí Sláinte Cheirde, agus soláthraímid seirbhísí allamuigh i nGarchabhair Éigeandála agus Sláinte Cheirde do chuideachtaí agus ar láithreáin fhoirgníochta ar fud na hÉireann

Ar na seirbhísí sin tá:

- Trealamh agus saoráidí Garchabhach a shonrú agus a ordú
- Foireann éigeandála agus sláinte cheirde a sholáthar ar an láthair oibre
- Iniúchadh sábháilteachta
- Oiliúint ionductaithe d'fhoirne
- Oiliúint Gharchabhach agus eile
- Ceangal le seirbhísí áitiúla éigeandála le haghaidh pleanála do chásanna éigeandála agus cleachtaí práinnfhreagartha ar an láthair oibre.

Is féidir lenár bhfoireann cainteanna a thabhairt ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus is féidir leo tástálacha sláinte a dhéanamh ar fhostaithe nuair a thosaíonn siad ag obair i bpost.

D'oibríomar in 2008 in éineacht le cuid de na cuideachtaí is mó in Éirinn.

Ár gCliant

Bus Éireann

Comhairle Contae Luimnigh

Inditex Group (Zara, Pull & Bear, Berscha)

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Coláiste Breisoideachais an Naigín

Irish Cement

Irish Ferries

Bord Leigheasra na hÉireann

Shanaghan Engineering Ltd

Roadbridge Ltd

Seirbhísí Príomhchúraim an Oirthuaiscirt, FSS

Oiliúint agus Forbairt an Iarthair agus an

Iarthuaiscirt, FSS



stryker®

Orthopaedics



CO. MONAGHAN VEC
COISTE GAIRMOIDEACHAIS Mhúineachain



Otharcharranna Nua

Fuarthas níos mó otharcharranna nua i mbliana rud a fhágann go bhfuil Crois Dhearg na hÉireann go fóill in ann ár gcuid gealltanais le pobail ar fud na tíre a chomhlíonadh, mar atá cúram den scoth a chur ar fáil agus freagairt go sásúil ar chásanna éigeandála go háitiúil inár ról mar chúntóir ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Ba mhaith le Crois Dhearg na hÉireann buíochas a ghabháil leis an Aire Cosanta, Willie O'Dea, agus leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, agus lena gcuid ranna as an tacaíocht leanúnach a thugann siad don scéim seo.



Grianghraf: Denis Barry.

In 2008 cuireadh otharcharranna ar fáil do na haonaid seo a leanas:

Aonaid Chrois Dhearg na hÉireann i gCarraig na Siúire, Contae Thiobraid Árann; i gClaonadh, Contae Chill Dara; agus i gCeann Toirc, Contae Chorcaí. Bhí seoladh oifigiúil ann leis an Aire Stáit sa Roinn Airgeadais, an Dochtúir Martin Mansergh (sa phictiúr thuas le Tony Lawlor, Leas-Chathaoirleach Chrois Dhearg na hÉireann).

Chomh maith leis sin fuair Foireann Tarrthála Sléibhe Shligigh-Liatroma feithicil nua in áit na veain a bhí acu a bhí caite ag na blianta. Feithicil ceannais atá acu anois ina n-iompraítear trealamh agus ina bhfuil aonaid ríomhaireachta agus raidió mar chuid de chóras suite domhanda. Beidh sí seo mar áis thábhachtach agus an fhoireann i mbun a ról cuardaigh agus tarrthála san iarthuaisceart mar thacaíocht leis an nGarda Síochána agus le pobal an cheantair.

In 2008, cuireadh focal ar otharcharranna easbhóthair faoi thiomáint ceithre roth do na háiteanna seo a leanas:

Mala, Contae Chorcaí; Cairlinn, Contae Lú agus baile Thiobraid Árann. Rinne an tAire Cosanta, Willie O'Dea, T.D., sócrú go seofaí i Luimneach iad go luath in 2009.

Cuardach agus Tarrtháil

Gach bliain bíonn na céadta gnáthoibrí deonach agus foirne otharchairr de chuid Chrois Dhearg na hÉireann ag cuidiú le gníomhaireachtaí stáit teacht ar dhaoine atá ar iarraidh. Lena chois sin, bíonn Crois Dhearg na hÉireann ag obair go leanúnach lena trí aonad speisialtóireachta Cuardaigh agus Tarrthála a fhorbairt. Bíonn siad seo mar thacaíocht ag an nGarda Síochána agus ag Gardaí Cóstá na hÉireann sna misin cuardaigh agus tharrthála ar fad:

- Cill Mhantáin/Sléibhte Átha Cliath: Foireann Tarrthála Sléibhe na Croise Deirge i nGleann Ó Máil
- Sléibhte Shligigh/Liatroma: Foireann Tarrthála Sléibhe na Croise Deirge i Sligeach-Liatroim
- Lochanna na Gaillimhe/Mhaigh Eo: Foireann Tarrthála Locha le Cladach na Croise Deirge i gceantar Loch Coirib-Loch Measca.

Is féidir fios a chur ar na haonaid seo de chuid Chrois Dhearg na hÉireann a bhíonn ar dualgas 24 huairé in aghaidh an lae, seacht lá sa tseachtain le linn na bliana. Is minic go mbíonn siad ag plé le cásanna fíorchontúirteacha, agus déanann siad tarrtháil ar dhaoine ar bhonn rialta as lochanna agus sléibhte nuair a bhíonn sé fluich, dorcha, síochta fuar.

Figiúirí Foriomlána Cuardaigh agus Tarrthála

Gleann Ó Máil (Tarrtháil Sléibhe)


Daoine ar cuidíodh leo	56
Taismigh ghortaithe a aslonnaíodh	23
Daoine marbha a aimsíodh	5

Sligeach-Liatroim (Tarrtháil Sléibhe)

Daoine ar cuidíodh leo	14
Taismigh ghortaithe a aslonnaíodh	8
Daoine marbha a aimsíodh	2

Loch Coirib-Loch Measca (Tarrtháil Locha le Cladach)

Daoine ar cuidíodh leo	16
Taismigh ghortaithe a aslonnaíodh	0
Daoine marbha a aimsíodh	2



- Otharcharr
- Feithicil Easbhóthair 4 x 4
- Craobhacha Nua



Foireann Tarrthála Sléibhe na Croise Deirge i nGleann Ó Máil ag bun shléibhte Chill Mhantáin.

Tarrtháil Sléibhe

Léiríonn figiúirí 2008 don dá fhoireann tarrthála sléibhe gur fhreagair siad ar 60 glaoch amach oibríochtúil agus gur thug siad cúnamh do 108 duine. Thug an dá fhoireann cúram taismeach do 31 duine sular aslonnaíodh iad le cúram proifisiúnta míochaine a fháil. Is ionann na figiúirí seo agus méadú 20% ar éileamh ar sheirbhísí le hais 2007.

Glaonna Amach ar na Foirne Tarrthála Sléibhe

Figiúirí	2008	2007
Gleann Ó Máil	44	37
Sligeach-Liatroim	16	11
Iomlán	60	48

Léirítear na hanaílís ar staitisticí 2008 um tharrtháil sléibhe gur dóichí go nglaofaí na foirne amach san iarnóin idir 12 agus 4pm ar an Domhnach i mí Iúil. Is ionann an dóchúlacht go dtarlódh a leithéid i mí Lúnasa freisin. Bhí Foireann Tarrthála Sléibhe Crois Dhearg na hÉireann i Sligeach-Liatroim gnóthach go maith i mí Lúnasa 2008 mar gheall ar na tuille móra a bhí sa cheantar sin i lár na míosa. Rinneadh damáiste mór do mhaoin agus fágadh roinnt daoine ar leithlis ina gcuid tithe.

Is imeacht mór i gcónaí é ag na foirne tarrthála sléibhe agus ag na scórtha ball de ghníomhaireachtaí eile an oiliúireacht bhliantúil ar Chruach Phádraig. I mbliana shiúil breis agus 30,000 oiliúireacht (meastúchán de chuid an Gharda Síochána sa cheantar) an bealach sa tréimhse dhá lá. Chóireáil na foirne tarrthála sléibhe roinnt mhaith céadta duine ar tharla gortú éadrom dóibh. Bhí cúnamh acu ó dhá héileacaptar de chuid Aerchór na hÉireann a rinne 19 nduine a bhí gortaithe go trom a tharrtháil agus a aslonnú.

Bhí an dá fhoireann páirteach san oibríocht

téarnaimh i ndiaidh tuairt thragóideach eitleáin ar Shliabh Corriebracks i gContae Chill Mhantáin i mí Dheireadh Fómhair inar maraíodh teaghlach de cheathrar as an Ríocht Aontaithe. Roimhe sin thángthas ar chorpán fir 71 bliain d'aois i ndiaidh cuardaigh fhada.

Saoráidí Nua

Ba bhliain shuntasach i 2008 ag foireann tarrthála sléibhe Crois Dhearg na hÉireann i nGleann Ó Máil nó bhíodhas ag comóradh 25 bliana ó bunaíodh í. Tá sé de rún ag an bhfoireann bunáit a thógáil a bheid feistithe go speisialta le haghaidh tarrthála sléibhe, ina gcoinneofar trealamh agus ina dtionólfar cruinnithe. Le cúnamh airgeadais ó Chrois Dhearg na hÉireann tá suíomh ceannaithe gar don Láithreach i gContae Chill Mhantáin agus is ann atáthar ag dréim an bhunáit a thógáil.

Bainistiú Cásanna Mór-Éigeandála

I bplean an stáit chun déileáil le cásanna mór-éigeandála tá Crois Dhearg na hÉireann aitheanta mar chúntóir ag na seirbhísí stáit. Le linn 2008 bhí Crois Dhearg na hÉireann gníomhach i roinnt cruinnithe agus ceardlann pleanála chun a chinntiú go mbeadh barr feabhais bainte amach maidir le comhordú le gníomhaireachtaí stáit agus le forais eile in earnáil na seirbhísí deonacha éigeandála. Tá comhoibriú déanta ag Crois Dhearg na hÉireann leis na grúpaí seo a leanas:

- Bainistiú Cásanna Mór-Éigeandála Grúpa Oibre Náisiúnta Creatlaí
- Fóram Náisiúnta um Sheirbhísí Deonacha Otharchairr lena n-áirítear Seirbhísí Náisiúnta Otharchairr an FSS agus ár gcomhchumann deonacha otharchairr mar atá:

- Ord Mhála in Éirinn
- Briogáid Otharsheirbhíse Naomh Eoin in Éirinn

- Seirbhís Taismí an Chóir Chosanta Sibhialta - Gardaí Cóstá na hÉireann, a thugann tacaíocht:
- don dá fhoireann tarrthála sléibhe atá ag Crois Dhearg na hÉireann (i nGleann Ó Máil agus i Sligeach-Liatrom)
- d'aonad bhád tarrthála Crois Dhearg na hÉireann i Loch Coirib-Loch Measca.

Áitreabh agus Trealamh

Ionad Alan agus Dorothy Chorney, Coill Bheithne, Contae Luimnigh

Is gníomh mórflaithiúlachta a rinne Alan agus Dorothy Chorney, Ianúin Mheiriceánach, in 2000 nuair a dheonaigh siad an t-áitreabh seo dúinn. Tá Crois Dhearg na hÉireann go mór faoina gcomaoin as an mbronntanas seo agus tá an t-ionad, arbh theach é, á fhorbairt go leanúnach mar áit inar féidir le baill Crois Dhearg na hÉireann cruinnithe agus seimineáir oiliúna a reáchtáil. In 2008 athchóiríodh an t-ionad chun cóiríocht thar oíche a chur ar fáil, chun gur féidir bia a ullmhú ann agus chun deimhniú sábháilteachta ó dhóiteán a bhaint amach.

Trealamh

Soláthraíodh fiche osteilgeoir digiteach Dell do chraobhacha de chuid Crois Dhearg na hÉireann ar fud na tíre. Chuir Crois Dhearg na hÉireann deontais 50% ar fáil leis seo a mhaoiniú.

Dífhibrileoirí

2008 an tríú bliain a bhfuil Dífhibrileoirí Comhairleacha Seachtracha agus oiliúint do ghrúpaí ar fud na tíre á gcur ar fáil ag Crois Dhearg na hÉireann, rud a chuideoidh chun daoine a thabhairt slán ón mbás. Díoladh 31 Phaca Dífhibrileora (trealamh agus oiliúint) le grúpaí mar seo a leanas:

Grúpaí Pobail:	11
Gnólachtaí:	11
Scoileanna:	7
Clubanna Spórt:	2

Seirbhísí agus Forbairt Pobail

Chuaigh líon na gcrabhacha nua in airde in 2008 de réir na treochta atá ann le tamall de bhlianta anois. Bunaíodh 14 chraobh nua agus áirítear orthu craobh chorporáideach in Element Six i Sionainn i gContae an Chláir. (Féach an léarscáil ar leathanach 12)

Craobhacha Nua

2008:	14
2007:	13
2006:	4
2005:	6

Mar gheall ar an bhforbairt rathúil seo tá 446 ball nua deonach againn agus tá méadú mór tagtha ar líon na ngníomhaíochtaí agus ar réimse na hoiliúna. Nuair a bheidh siad oile cuirfidh na baill nua seo de Chrois Dhearg na hÉireann seirbhísí tábhachtacha mar iad seo a leanas ar fáil ina bpobail féin:

- Dífhibreiloir Comhairleach Seachtrach
- Bunoiúint i dTacaíocht Beatha
- Cúrsaí Garchabhrach
- Aonaid Gharchabhrach
- Cúram Láimhe Teiripeach
- Gníomhaíochtaí Óige na Croise Deirge
- Tiomsú Airgid
- Oiliúint Teagascóirí
- Gníomhaíochtaí do ghrúpaí leochaileacha áitiúla

Tá rath ar an obair mar gheall ar an oiliúint agus an spreagadh a thugann oibríthe deonacha de chuid Chrois Dhearg na hÉireann ag leibhéal an réigiúin, an cheantair agus na craobha, agus mar thoradh ar an tiomantas a léirítear i measc grúpaí áitiúla.

Ceileatram Craicinn

Forbraíodh seirbhís ceileatram craicinn Chrois Dhearg na hÉireann i mbliana nó oileadh beirt bhall le hoiúint a chur ar fáil do dhaoine eile. Ag éirí as sin beidh Crois Dhearg na hÉireann in ann cur le líon na gcleachtóirí deonacha ceileatram craicinn atá sa tír.

Is seirbhís speisialtóireachta é ceileatram craicinn do dhaoine a bhfuil a gcaiceann i riocht go bhfuil marcanna air, riochtanna mar Rosacea, Vitaligo, baill bhroinne, coilim agus tatúnna. Bhunaigh Crois Dhearg na hÉireann an tseirbhís in Éirinn in 2002 le cuidiú ó Chrois Dhearg na Breataine. Tá an oiliúint agus an trealamh costasach agus na hoibríthe deonacha sin atá sásta an tseirbhís ceileatram craicinn a chur ar fáil, ní mór dóibh gealltanais a dhéanamh go gcaithfidh siad dhá uair an chloig in aghaidh na míosa i mbun seirbhíse ar feadh tréimhse trí bliana ar a laghad.

Foilseacháin

Seoladh lámhleabhar Chrois Dhearg na hÉireann, Helping You to Care, in 2007 agus bhí sé ar díol le linn 2008. Dioladh na mílte cóip le daoine aonair agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.



Rinneadh an ball broinne seo a cheilt trí Cheileatram Craicinn, seirbhís a chuireann Crois Dhearg na hÉireann ar fáil ar fud na tíre. Grianghraf: Crois Dhearg na hÉireann

Is treoirleabhar lán léaráidí atá ann ina bhfuil comhairle phraiticiúil do dhaoine a bhíonn ag tabhairt aire do dhuine atá tinn, scothaosta nó faoi mhíchumas. Tá comhairle chuimsitheach ann ar a bheith ag tabhairt cúraim do dhuine agus is féidir é a cheannach ar líne ag www.redcross.ie. Praghas: €11.99.

Bhí an-éileamh ar fhoilseachán eile de chuid Chrois Dhearg na hÉireann in 2008, Handbook for Babysitters & Parents. Dáileadh breis agus 300,000 cóip i mbliana. Seoladh an lámhleabhar in 2004, le hurraíocht ó Domestos atá mar chuid den Unilever Group, agus cuireadh ar fáil é saor in aisce.

Seirbhísí Óige

COsaint LEANAÍ

Cuireann Crois Dhearg na hÉireann timpeallacht shlán shábháilte ar fáil do leanaí agus bímid i gcónaí ag iarraidh an caighdeán is airde agus is féidir a bhaint amach maidir le leas leanaí.

In 2008 chuir Crois Dhearg na hÉireann oiliúint i gCosaint Leanáí ar fáil do bhaill de réir mar atá léirithe sa tábla thíos:

Leibhéal 1: 200 ball

Leibhéal 2: 129 ball

Chomh maith leis sin, bhí dhá chúrsa oiliúna ann d'Oiliúinóirí i gCosaint Leanáí in 2008. Is é cuspóir an chúrsa seo baill a bhfuil Leibhéal 2 bainte amach acu a oiliúint le bheith ina nOiliúinóirí i gCosaint Leanáí ina réigiúin féin le go dtig leo oiliúint i gCosaint Leanáí a chur ar fáil do bhaill Chrois Dhearg na hÉireann ar bhonn leanúnach ina gceantair féin.

Clár Óige OPTIONS

Seoladh leagan nua de Chlár Óige OPTIONS i bliana. Is clár struchtúrtha gradam é OPTIONS do gach Ball Óige de Chrois Dhearg na hÉireann (5-25 bliana d'aois). Bronntar gradaim ag trí leibhéal: Créumha, Airgead agus Ór. Ní mór dúshláin a shárú i sé cinn de na hocht gcatagóir seo a leanas ag leibhéal ar leith:

- Spóirt, Fóillíocht agus Sláinte
- Tóireacha Allamuigh
- Seirbhís Pobail
- Cumarsáid
- Forbairt Phearsanta
- Oiliúint ar Thubaistí agus Garchabhair
- Feasacht ar an gComhshaoil
- Tuiscint Idirnáisiúnta agus Chultúrtha



Bhí seachtar ó Chrois Dhearg na Portaingéile páirteach sa Chúrsa Oiliúna d'Oiliúinóirí i gCúram Láimhe Teiripeach (CLT) a réachtáil Crois Dhearg na hÉireann ina Ceannofig 13 agus 14 Meán Fómhair 2008. Ó chlé go deas: Sadie Meade (Teagascóir CLT), Manuela Santos, Paula Amor, Isabel Faria, Carla Martins, Nuno Nunes, Dario Costa, Lydia O'Halloran (Oifigeach Seirbhíse Forbairt Pobail), August Lancia, Beryl Kelly agus Frank Ryan. Níl Agnes Johnson, teagascóir CLT sa phictiúr. Grianghraf: Crois Dhearg na hÉireann





Rannpháirtithe sa Champa Óige Idirnáisiúnta i Luimneach ag baint taitnimh as sos beag. C-d: Katie Dunwoody a bhfuil hata uirthi (Éire), Katri Malmi (An Fhionlainn), Aiden Lonergan (Éire), Laura Cowley (An Bhreatain Mhór), Federico Di Gennaro (An Iodáil), Lesley Grace (Éire) agus Hannington Segirinya (Uganda).



Rannpháirtithe sa Champa Óige Idirnáisiúnta i mbun gníomhaíochta neartú foirniúlachta ag an Ionad Gníomhaíochtaí Lasmuigh in Ollscoil Luimnigh.

Campa Óige Idirnáisiúnta

Bhí Crois Dhearg na hÉireann mar óstach ar Champa Óige Idirnáisiúnta in 2008 agus bhí an-rath ar fad air. Tháinig baill óga de chuid na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg i 16 thír éagsúla le chéile in Ollscoil Luimnigh 9-17 Lúnasa.

Ba é téama an Champa “An Óige – an sinne aghaidh nua na Cónaidhme?”. Is ábhar tábhachtach é seo ag na baill óga nó is iad a bheidh i gceannas ar Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg sa todhchaí agus is iad a thabharfaidh chun cinn í.

Bhí ionadaithe ó na Cumainn Náisiúnta seo a leanas i láthair: an Bhreatain Mhór, an Ghearmáin, an Bhealarúis, an tSeirbia, an Iodáil, an Danmhairg, an Íoslainn, an Fhionlainn, an tSualainn, an Ostair, an Laitvia, an Eilvéis, an Ghréig, an Fhrainc, Uganda agus an Ísiltír. Cuireadh na rannpháirtithe i gceann amháin de chúig ghrúpa a bhí ainmnithe as bunaitheoirí Ghluaiseacht na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg – Henry Dunant, Gustave Moynier, General Dufour, Theodore Maunoir agus an Dochtúir Louis Appia.

Rinne na grúpaí go léir a machnamh ar chuid de na dúshláin is mó atá roimh mhuintir an domhain sa lá atá inniu ann. Dhírigh siad go háirithe ar na dúshláin atá le sárú ag na milliúin oibrí deonach i nGluaiseacht na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg ar fud an domhain lena n-áirítear imirce, obair dheonach, VEID agus SEIF agus an t-athrú ar an aeráid. D'éirigh sraith pleananna as a gcuid iarrachtaí agus cuirfead iad faoi bhráid Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg.

Laethanta Spraioi don Óige sna Réigiúin

Reáchtáladh dhá imeacht réigiúnacha spraio do dhaoine óga ar 13 Aibreán 2008 i gCoill an Chollaigh, Contae an Chabháin agus i bPort Laoise, Contae Laoise. D'fhreastail 225 duine as gach cearn den tír orthu. Is é is aidhm leis an Lá Spraioi baill óga Chrois Dhearg na hÉireann a thabhairt le chéile le go mbeidh spraio acu agus iad i mbun imeachtaí mar chiceanna éirice, caisleáin spraio, cúrsaí constaicí, rásaí sealaíochta, gníomhaíochtaí le haithe a chur ar a chéile, balúin uisce agus ceardlanna ceirdeanna.

Ar na craobhacha a raibh baill leo i láthair bhí:

Cluain Tarbh
Bealach an Doirín
Cromghlinn/Baile Bhaicín
Fionnradharc
Clár Chlainne Mhuiris
Magh
Baile Átha Cliath 15
Dún Dealgan
Coill an Chollaigh
Tamhlacht
Maighean Rátha
Cathair Luimnigh
Carraig na Siúire
Droichead na Bandan
Craobhacha Mhala

Linda Kregere as Crois Dhearg na Laitvia ag rópadóireacht anuas mar chuid de na gníomhaíochtaí ag an gCampa Óige Idirnáisiúnta i Luimneach. Grianghraf: Crois Dhearg na hÉireann.



Comórtais

Má táthar le seirbhísí Garchabhrach a chur ar fáil, ní mór do bhaill Chrois Dhearg na hÉireann dul faoi oiliúint ar bhonn leanúnach, agus taithí phraiticiúil a fháil. Tugadh isteach in athuair in 2008 comórtais bhliantúla i ndiaidh do Chrois Dhearg na hÉireann a bheith mar óstach ar Choinbhinsiún Garchabhrach na hEorpa an bhliain roimhe sin. Imeacht idirnáisiúnta é seo a raibh an-rath air.

Bhí líon ard iontrálaithe i gcomórtais na nDaltaí agus na dTosaitheoirí go háirithe i mbliana, rud a léiríonn go bhfuil fás maith ar líon na mball nua



Billy O'Connor as Na Clocha Liatha, Contae Chill Mhantáin, ag còireáil Brian McGahey as Droichead Átha i ndiaidh gur tharla "gortú" dó, artaire stollta, i "dtaisme rothair" ag craobh náisiúnta an Chomórtais Shinsearaigh Otharchair ag Crois Dhearg na hÉireann. Tháinig foireann Chill Mhantáin sa tríú háit. Grianghraf: Tom Conachy

agus na mball óg atá ag glacadh ballraíochta i gCrois Dhearg na hÉireann agus atá páirteach inti.

Léirigh na comórtais feabhas na scileanna atá i gceantar Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhain Buirg Bhaile Átha Cliath an dá chomórtas d'fhoirne sinsearaigh mar aon leis an gComórtas do Thosaitheoirí Indibhidiúla. Bhain Buirg Bhaile Átha Cliath scór an-ard amach i roinnt imeachtaí iomaíochta idirnáisiúnta i mbliana ag Coinbhinsiún Garchabhrach na hEorpa a reáchtáil Crois Dhearg na Breataine i Learpholl, Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2008.



Angela Mitchell as Baile Shláine, Contae na Mí, iospartach a dódh, agus í ag fáil Garchabhrach ó Alison O'Shea as Corcaigh. Ba í Alison agus na baill eile dá foireann, Orla Murphy (ceann foirne), Tracey Hanley agus Dearbhla de Barra, a bhain Comórtas Garchabhrach Chrois Dhearg na hÉireann do Thosaitheoirí. Grianghraf: Ken Butler, Crois Dhearg na hÉireann.

Imeachtaí Idirnáisiúnta

Imeacht: Coinbhinsiún Garchabhrach na hEorpa

Óstaigh: Crois Dhearg na Breataine i Learpholl, an Ríocht Aontaithe. 18 – 22 Meitheamh 2008

face08

láirteach san imeacht seo ar son na hÉireann.

Bhí 28 dtír san iomaíocht le haitheantas a bhaint amach mar na soláthróirí Garchabhrach is fearr san Eoraip. Ba as Buirg Bhaile Átha Cliath agus Luimneach an dá fhoireann Éireannacha. Bhí cuid mhór ball eile agus comhaltáí foirne de chuid Chrois Dhearg na hÉireann i láthair le tacaíocht thábhachtach a chur ar fáil ag an imeacht.

D'oibrigh siad in ionad comhairimh na gcomórtas, ghlac siad rólanna mar thaismigh agus bhí siad mar cheangal idir foirne sna comórtais.

Gabhaimid comhghairdeas ar leith le Mary McCabe as Buirg Bhaile Átha Cliath a bhain an comórtas don Garchabhróir Indibhidiúil Is Fearr. Bhain Buirg Bhaile Átha Cliath an dara háit amach sa chomórtas foriomlán agus ba í foireann na Seirbia a thug an chraobh léi an tríú bliain as a chéile. Tháinig Cathair Luimnigh sa cheathrú háit. Bronnadh an bonn óir ar Luimneach san imeacht Cúraim, comórtas atá buaite acu roimhe seo, agus thug Buirg Bhaile Átha Cliath an bonn airgid leo san imeacht Triáise.

Beidh Crois Dhearg na Gearmáine mar óstach ar FACE2009 in Oldenburg 2-5 Iúil 2009. Is í Buirg Bhaile Átha Cliath, buaiteoirí Shíorchomhramh an Uachtaráin 2008, a bheidh mar ionadaithe Chrois Dhearg na hÉireann.

Síorchomhramh an Uachtaráin agus Corn Dominic Nugent

Óstach: Crois Dhearg na hÉireann Cheantar Chontae Laoise, i bPobalscoil Heywood, Baile na Coille, Contae Laoise. 3 Bealtaine 2008.

Síorchomhramh an Uachtaráin

1ú *Buirg Bhaile Átha Cliath*
Eithne Scully
Peter Ryan
Catriona Ryan
Richard Flanagan
Elaine McDonagh
Paul Martin

2ú *Luimneach*
Shirley Foley
Gerard O'Connor
Gerard Doody
Anne O'Mara
Alisha Doody
Aine Mulcahy



Sa phictiúr tá an fhoireann bhuacach as Buirg Bhaile Átha Cliath agus Síorchomhramh an Uachtaráin á bhronnadh orthu. Ó chlé go deas: Paul Martin, Elaine McDonagh, Richard Flanagan, Tony Lawlor (Leas-Chathaoirleach Náisiúnta Chrois Dhearg na hÉireann), Frances Kenny, Caitriona Ryan, Peter Ryan agus Eithne Scully. Grianghraf: Ken Butler, Crois Dhearg na hÉireann

Comórtais na bhFoirne Otharchairr

Óstach: Crois Dhearg na hÉireann Cheantar Chontae Lú, i gClub CLG Chlann na nGael, Dún Dealgan. 30 Márta 2008.

1ú *Buirg Bhaile Átha Cliath*

Eithne Scully
Peter Ryan
Catriona Ryan

2ú *Luimneach*

Gerard O'Connor
Michael O'Donoghue
Shirley Foley

3ú *Cill Mhantáin*

Willie O'Connor
John Keegan
Mark O'Keefe



Eithne Scully agus Peter Ryan, Baile Átha Cliath, ag cóireáil "taismigh óig" atá gan aithne. Ba í foireann Bhaile Átha Cliath a thug an chraobh náisiúnta léi sa Chomórtas Sinsearach Otharchairr. Grianghraf: Tom Conachy.

Corn Dominic Nugent

Garchabhróir Indibhidiúil Sinsearach

1ú *Hilary Parkinson*

Luimneach

2ú *Ryan Mulholland*

Contae Lú

3ú *Geraldine Cronin*

Corcaigh



Sa phictiúr tá Hilary Parkinson as Contae Luimnigh, buaiteoir Chorn Dominic Nugent i gcomórtas na nGarchabhróirí Indibhidiúla Sinsearacha, agus Michael O'Donoghue, a hoiliúnóir.

Comórtais Fhoirne agus Dhaoine Indibhidiúla do Dhaltaí agus do Thosaitheoirí

Óstach: Crois Dhearg na hÉireann Cheantar Chontae Laoise, i bPobalscoil Heywood, Baile na Coill, Contae Laoise, 11 Deireadh Fómhair 2008.

Comórtas Fhoirne na nDaltaí

1ú *Corcaigh*

Máire FitzGerald
Kevin Kelleher
Claire Wrenne
Amy Kelleher

2ú *Lú*

Níamh Mackin
Pádraic Duffy
Orla Kelly
Rebecca McGrath

Comórtas Fhoirne na dTosaitheoirí

1ú *Corcaigh*

Orla Murphy
Alison O'Shea
Tracy Hanly
Dearbhla de Barra

2ú *Buirg Bhaile Átha Cliath*

Nicola McCann
Paul McDonagh
Eoin Weadick
Jessica Doran

3ú *Luimneach*

Sinéad O'Meara
Siobhan Ahern
Kennedy O'Brien
Nula O'Donovan

Comórtas na nDaltaí Indibhidiúla

1ú *Leanne Sullivan*

Gaillimh

2ú *Aoife Mackin*

Lú

3ú *Katie Carmody*

Luimneach

Comórtas na dTosaitheoirí Indibhidiúla

1ú *Katie Dunwoody*

Buirg Bhaile Átha Cliath

2ú *Megan Cotter*

Gaillimh

3ú *Patricia Kerins*

Luimneach



Tá Leanne Sullivan as Gaillimh (ar clé) le feiceáil in éineacht le Monica Middleton, Rúnaí Oinigh Náisiúnta, agus a corn á bhronnadh uirthi.



Sa phictiúr tá Foireann Dhaltaí Chorcaí, a thug leo Craobh Náisiúnta Chrois Dhearg na hÉireann do Dhaltaí, in éineacht le Darren Ryan (Cathaoirleach an Ghrúpa Oibre Náisiúnta Óige) agus a gcuid gradam á mbronndadh orthu. Ó chlé go deas tá Máire Fitzgerald (Ceann Foirne), Kevin Kelleher, Amy Kelleher agus Claire Wrenne.



Sa phictiúr tá Katie Dunwoody as Baile Átha Cliath agus Melissa Sullivan. Thug Katie léi Craobh Náisiúnta Chrois Dhearg na hÉireann do Thosaitheoirí Indibhidiúla.



Sa phictiúr tá John Roycroft (Ard-Rúnaí) agus foireann Chorcaí i ndiaidh dóibh Comórtas na dTosaitheoirí a bhaint. Ó chlé go deas tá Orla Murphy (Ceann Foirne), Alison O'Shea, Tracey Hanley agus Dearbhla de Barra.

Táimid faoi chomaoin ag Ken Butler, Crois Dhearg na hÉireann, Ceantar Luimnigh as na grianghraif

Ár gCuid Oibre Thar Lear



2008

CNUAS- M HUINISIN

Comhdháil Taidhleoirí i mBaile Átha Cliath 19-30 Bealtaine 2008

Bhí rialtais as beagnach céad tír i láthair ag an gComhdháil ar Chnuas-Mhuinisin. Rinneadh plé agus idirbheartaíocht ar chonradh idirnáisiúnta agus táthar ag dréim gur deireadh leis an bhfulaingt le trí scór bliain anuas a bheidh mar thoradh an chonartha.



John Roycroft, Ard-Rúnaí Chrois Dhearg na hÉireann, Noel Wardick, Ceann na Roinne Idirnáisiúnta, Crois Dhearg na hÉireann agus José Luis Domenech Omedas, Crois Dhearg na Spáinne, ag an gComhdháil ar Chnuas-Mhuinisin. Bhí beagnach céad rialtas i mbun plé agus idirbheartaíochta ar chonradh idirnáisiúnta agus táthar ag dréim gur deireadh leis an bhfulaingt le trí scór bliain anuas a bheidh mar thoradh an chonartha. Grianghraf: Emma MacBride, Crois Dhearg na hÉireann.

Is éard atá i gceist le Cnuas-Mhuinisin airm ina bhfuil roinnt fomhuinisean pléascach atá deartha sa dóigh go mbrisfidh siad as a chéile san aer nuair a scaoiltear as aerárthach nó ón talamh iad chun go mbuailfidh siad ceantar fairsing. Tugtar orthu 'na hairm a leanann den mharú' mar is minic go mbíonn siad gan pléascadh go ceann tamaill i ndiaidh go scaoiltear iad. Gortaítear agus maraítear sibhialtaigh de thaisme nuair a thagann siad orthu, cuid acu blianta i ndiaidh gur scaoileadh iad an chéad lá. Leanáí go mór mhór atá i mbaol mar tá an cruth agus an dath atá ar na hairm seo mealltach acu agus d'fhéadfadh siad iad a

phiocadh suas gan smaoineamh ar an gcontúirt mhór a bhaineann leo.

D'fhonn iarracht a dhéanamh deireadh a chur leis an tragóid neamhriachtanach seo, cuireadh tús le hidirbheartaíocht in 2008 ag Comhdháil Taidhleoirí Idirnáisiúnta ar Chnuas-Mhuinisin. Ba i bPáirc an Chrócaigh a reáchtáladh an ócáid stairiúil a bhí ar siúl 19-31 Bealtaine agus d'fhreastail beagnach céad rialtas agus breis agus dhá chéad eagrais baile agus idirnáisiúnta uirthi. Ba é cuspóir na comhdhála conradh a chomhaontú a mbeadh cosc domhanda ar Chnuas-Mhuinisin mar thoradh féideartha air.

Bhí Crois Dhearg na hÉireann ar an gcomhdháil ar son Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dhearg (CónICD) agus ba iad John Roycroft, Ard-Rúnaí, agus Noel Wardick, Ceann na Roinne Idirnáisiúnta na toscairí a bhí i láthair. Feidhmíonn an Chónaidhm mar ionadaí ag gach ceann den 186 cumann náisiúnta atá sa Chrois Dhearg agus sa Chorráin Dearg. Ba mhór an phribhléid, an onóir agus agus an fhreagracht a bhí i gceist ag Crois Dhearg na hÉireann. Bhí toradh an-dearfach ar an gcomhdháil agus glacadh le coinbhinsiún chun cosc a chur ar Chnuas-Mhuinisin.

Síníodh an Coinbhinsiún comhaontaithe ar Chnuas-Mhuinisin (CCM) in Oslo na hIorua ar 3 Nollaig 2008 ag ócáid ar a raibh ionadaithe as 94 stát, Éire ina measc. Tháinig siad le chéile le cosc a chur ar úsáid, táirgeadh, stoc-charnadh agus aistriú cnuas-mhuinisean, agus le spriocdhátaí a shocrú do na stáit sin a shínigh an Coinbhinsiún stoc-chairm de na hairm seo a scríos agus na limistéir ina bhfuil siad ina luí a ghlanadh. Ba é Colm Byrne, Oifigeach Polasaithe agus Ceangail Dheonaithe, a bhí i láthair ag an ócáid seo ar son Chrois Dhearg na hÉireann.

Shínigh Dermot Ahern, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an coinbhinsiún ar son na hÉireann in Oslo, agus ghabh Jakob Kellenberger, Uachtarán Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD), buíochas le rialtais na hÉireann agus na hIorua as an ról tábhachtach a bhí acu sa phróiseas.



Peter Hirby ón CICD agus John Roycroft, Ard-Rúnaí Chrois Dhearg na hÉireann ag an gComhdháil ar Chnuas-Mhuinisin. Grianghraf: Emma MacBride, Crois Dhearg na hÉireann.

Tuarascáil ar Thubaistí Domhanda

Foilsíonn Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dhearg an Tuarascáil ar Thubaistí Domhanda gach bliain. Is eagrais í an Chónaidhm atá mar ionadaí ar son gach ceann den 186 tír ina bhfuil Gluaiseacht na Croise Deirge agus an Chorráin Dhearg, agus déanann sí anailís chuimsitheach ar ábhair agus ar théamaí éagsúla gach bliain. Tá foilsíú na Tuarascála maoinithe i bpáirt ag Crois Dhearg na hÉireann agus ag Cúnamh Éireann araon.

Dhírigh Tuarascáil 2008 ar Thubaistí Domhanda ar VEID/SEIF, ar a fhorleithne atá siad go domhanda agus ar an tionchar a imríonn siad ar ghrúpa difriúla sa tsochaí. Ar na príomhcheisteanna a imscrúdaíodh bhí an ceangal idir VEID/SEIF agus fachtóirí eile mar thubaistí nádúrtha, cogaíocht, soghluaisteacht daonraí ó áit go chéile agus maoiniú.



Seoladh tuarascáil 2008 do lucht na meán cumarsáide i gceannoifig Chrois Dhearg na hÉireann ar 14 Meitheamh 2008. Ba iad David Andrews, Cathaoirleach Chrois Dhearg na hÉireann, agus Rónán Murphy, Ard-Stiúrthóir Chúnamh Éireann a rinne an seoladh i gcomhar lena chéile. Cuireadh an-fháille roimh an tuarascáil agus bhí clúdach suntasach uirthi sna meáin éagsúla. Bhí Brian Hanratty, Príomhoifigeach Feidhmeannach Gorta i láthair ag an ócáid freisin.

Seoladh Tuarascáil 2008 ar Thubaistí Domhanda i mBaile Átha Cliath ar 14 Meitheamh 2008. Imscrúdaítear inti VEID agus SEIF agus an tionchar atá acu ar dhaoine ar fud an domhain.



Rónán Murphy, Ard-Stiúrthóir Chúnamh Éireann, agus David Andrews, Cathaoirleach Chrois Dhearg na hÉireann, ag seoladh na Tuarascála ar Thubaistí Domhanda. Grianghraf: Lensmen.



Tá Limpho Matthews, seacht mbliana d'aois, as Sráidbhaile Ha Makhoathi i Leosóta, ina cónaí lena máthair mhór ó cailleadh a máthair in 2005. An t-am sin bhí Limpho chomh tinn sin nach raibh sí in ann siúl. Ach tá cóireáil fhrith-aisvíreasach á fáil anois aici le haghaidh VEID agus tá a saol á chur isteach aici mar a dhéanfadh gnáthpháiste sláintiúil a bheag nó a mhór. Deonaíonn an Chrois Dhearg airgead iompair a chuidíonn léi dul a fhad le Clinic Meiriceánach Baylor sa phríomhchathair, Masuru nach bhfuil rófhada ar shiúl. Tugtar soláthar bia di gach mí freisin. Grianghraf: Eva-Lotta Jansson, UN-OCHA IRIN/An Chrois Dhearg.



Tá Daniel Kimani, ceithre bliana d'aois, VEID-deimhneach. Cailleadh a mháthair mar gheall ar SEIF agus tá a athair ar iarraidh. Cónaíonn sé lena sheanthuismitheoirí, Agnes Wacu agus Samuel Macharia. Is iad a athair mór, iarmhúinteoir scoile atá ar scor, agus a bhean a thugann aire do Daniel óg atá ag glacadh drugaí ART. Grianghraf: Brendan Bannon, Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dhearg.

Athbhunú Ceangal idir Teaghlaigh

I mí an Mheithimh 2008 cuireadh ainm nua ar an Roinn Lorgaíochta, Curtha Teachtairachtaí agus Athaontú Teaghlach le teacht leis an téarmaíocht atá in úsáid ar fud Ghluaiseacht na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg. An t-ainm úr atá uirthi an Roinn um Athbhunú Ceangal idir Teaghlaigh.

Feidhmchlár Lorgaíochta na Croise Deirge san Eoraip


Sheol Crois Dhearg na Beilge-Flóndras (an chuid Phléimeannach de Ghluaiseacht na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg sa Bheilg), bunachar sonraí ar 29ú Feabhra 2008 ar a dtugtar Feidhmchlár Lorgaíochta na Croise Deirge. Cruthaíodh é le cuidiú le daoine atá ina gcónaí san Aontas Eorpach teacht ar ghalta agus ar chairde atá ina gcónaí san Aontas Eorpach freisin ach nach bhfuil siad i dteagmháil leo níos mó.

Tríd an tseirbhís nuálaíoch seo is féidir le cumainn de chuid na Croise Deirge ar fud na hEorpa dul ar líne agus ceangal a dhéanamh le cumainn eile agus a fháil amach an raibh na gailta atá ar iarraidh i dteagmháil leo.

Roimhe seo bhí obair mhór i gceist le hiarratais lorgaíochta agus bhí siad fadálach freisin mar bhí na Cumainn Náisiúnta ag brath ar an bpost

le heolas a chur chuig a chéile. Mar gheall ar an mbunachar nua sonraí, áfach, beidh Cumainn Náisiúnta in ann cuidiú le i bhfad níos mó daoine mar gur féidir aiseolas a fháil gan mhoill, rud a chuireann go mór leis an dóchúlacht go mbeifear in ann gailta agus cairde a aimsiú.

Tá Crois Dhearg na hÉireann ar cheann de na Cumainn Náisiúnta san Eoraip a bhaineann úsáid as an tseirbhís seo chun teaghlaigh a thabhairt le chéile. Ar na tíortha eile a bhaineann úsáid aisti tá an Ostair, an Bheilg, an Ríocht Aontaithe, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis agus an Ísiltír.



Is minic gurb í an litir, Teachtaireachtaí na Croise Deirge, cosúil leis an gceann atá á scríobh ag an gcaillín seo, an t-aon mhodh amháin atá ag gailta atá scartha óna chéile lena fháil amach an bhfuil a dtuismitheoirí, a bpáistí, a gcéllí, a ndeartháireacha nó a ndeirfiúracha fós beo.



Grianghraf: Heine Pedersen, Crois Dhearg na Danmhairge.



Cuireann Crois Dhearg na hÉireann teachtaireachtaí chuig Cumainn Náisiúnta ar fud an domhain agus faigheann teachtaireachtaí eile ar ais. Is iad seo a leanas na tíortha ina ndearnadh lorgaíocht agus ar cuireadh teachtaireachtaí chucu in 2008:


An Afganastáin
 Angóla
 An Astráil
 An Bhanglaidéis
 Beinín
 Camarún
 An tSín
 Sead
 Poblacht Dhaonlathach an Chongó
 An Eiritré
 An Aetóip
 An Ghearmáin
 An Ghuine
 An Indinéis
 Éire
 An Iaráic
 An Cósta Eabhair/Gána
 An Chéinia
 An Laitvia
 Mallorca
 An Nígír
 An Nigéir
 TE (Talamh Eadrána an teorainn idir an Iordáin agus an Iaráic)
 Ruanda
 An Araib Shádach
 Albain
 An tSomáil
 An tSúdáin
 An tSualainn
 An tSiria
 Tóga
 Uganda
 An Úcráin
 An Ríocht Aontaithe
 Stáit Aontaithe Mheiriceá
 An tSiombáib

Seirbhís Curtha Teachtaireachtaí

Is éard atá i Seirbhís Curtha Teachtaireachtaí Chrois Dhearg na hÉireann seirbhís trína bhféadfaidh daoine teagmháil a dhéanamh le gaolta sa chás nach féidir teagmháil a dhéanamh leo tríd na gnáthsheirbhísí poist nó teilceumarsáide mar gheall ar choinbheachtaí nó tubaistí nádúrtha.


Is féidir leis an seoltóir scéala a chur ach litir speisialta a scríobh nó teachtaireacht de chuid na Croise Deirge a chur. De ghnáth, baintear úsáid as an tseirbhís seo sula dtionscraítear iarratas lorgaíochta, ach i gcásanna áirithe déantar an dá rud ag an am céanna.

Is é seo a leanas briseadh síos na bhfigiúirí do dhaoine a bhain úsáid as **Seirbhís Curtha Teachtaireachtaí Chrois Dhearg na hÉireann***



- Aosaigh ag dul i dteagmháil le páistí 5%
- Páistí ag dul i dteagmháil le haosaigh 13%
- Aosaigh ag dul i dteagmháil le haosaigh 82%
- Páistí ag dul i dteagmháil le páistí 0%

Is é seo a leanas stádas na **Seirbhíse Curtha Teachtaireachtaí***




- Teachtairachtaí curtha thar lear 43%
- Teachtairachtaí faighte in Éirinn 52%
- Teachtairachtaí curtha ar ais chuig an seoltóir 5% (Dosheachadta)

An Clár Cúnamh Airgeadais le haghaidh Taistil / ACNAD

Ar 19 Feabhra 2007 shínigh Crois Dhearg na hÉireann Meabhrán Tuisceana (MT) le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaíthe (ACNAD) le bainistiú a dhéanamh ar Chlár an ACNAD chun Cúnamh Airgeadais le haghaidh Taistil a chur ar fáil do theaghlach atáthar ag tabhairt le chéile, go sonrach i gcás daoine ar tugadh tearmann dóibh in Éirinn. Mar thoradh ar an gcomhaontú seo, tá duine aonair ar mian leis/léi teacht le chéile lena t(h)eaghlach arís i dteideal iarratas a dhéanamh ar chúnamh airgeadais lena neasteaghlach a thabhairt go hÉirinn, ar an gcoinníoll go bhfuil stádas aige/aici in Éirinn mar dhéanaí agus go bhfuil

ceachtar den dá rud seo a leanas ag baint leis/léi: go bhfuil Sochar Leasa á éileamh aige/aici nó go bhfuil ioncam an-íseal aige/aici. Ní mór go mbeadh víosaí faighte ag an teaghlach ó Rialtas na hÉireann a cheadaíonn dóibh teacht. I mí Feabhra 2008 rinneadh athbhreithniú bliantúil ar an MT agus socraíodh ar an gcomhaontú a athnuachan agus a choinneáil i bhfeidhm go ceann dhá mhí dhéag eile ina dhiaidh sin.

Is é seo a leanas briseadh síos na ndaoine a bhain úsáid as **Seirbhís Curtha Teachtaireachtaí Chrois Dhearg na hÉireann / Clár Cúnamh Airgeadais le haghaidh Taistil an ACNAD***



- Cásanna féinioctha 50%
- Cásanna ar diúltaíodh dóibh 6%
- Cásanna a deonaíodh 25%
- Cásanna ar feitheamh 19%

Cásanna ar feitheamh: ní raibh cinneadh déanta ag an ACNAD cé acu a thabharfaí nó nach dtabharfaí an deontas le haghaidh Cúnamh Airgeadais le haghaidh Taistil.

Cásanna Féinioctha: shocraigh na hiarratasóirí ar na costais a íoc iad féin mar go raibh sé ar a n-acmhainn a dhéanamh amhlaidh agus nach raibh siad sásta fanacht trí mhí le go gcuirfí an próiseas i gcrích.

Cásanna a deonaíodh: tugadh an deontas do Chúnamh Airgeadais le haghaidh Taistil ón ACNAD do na hiarratasóirí. D'éirigh le trí chás a bhí ag Crois Dhearg na hÉireann in 2008: thug náisiúnach de chuid an Chósta Eabhair a theaghlach go hÉirinn as Buircíne Fasó, agus thug beirt náisiúnach as Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC) a dteaghlach go hÉirinn as PDC.

Cásanna ar diúltaíodh dóibh: níorbh fhéidir an t-iarratas a phróiseáil mar níor chomhlíon an t-iarratasóir critéir an ACNAD maidir le Cúnamh Airgeadais le haghaidh Taistil.



I ndiaidh 14 bliana de chogaíocht (1989 – 2003), difhréamhaíodh cuid mhór teaghlach óna mbailte féin faoin tuath. Tá cuidiú go fóill de dhíth ar mhná agus ar pháistí Libéaracha ó Chrois Dhearg na hÉireann atá ag obair sa Libéir ó bhí 1970 ann chun cuidiú le daoine díláithrithe agus leis na pobail is leochaillí agus iad a chosaint. Déantar seo trí earraí fóirithinte a dháileadh, rochtain ar uisce glan agus cúnamh míochaine a chinntiú, tuismitheoirí páistí a lorg sa chás go bhfuil siad scartha óna chéile ag an gcoagaíocht, agus cuairt a thabhairt ar dhaoine atá á gcoinneáil i bpríosúin ar fud na tíre. Griangraf: Vanja Baumberger, Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.


*idir Eanáir agus Nollaig 2008

Seirbhís Lorgaíochta

Daoine nach raibh an dara rogha acu ach teitheadh as a dtír féin mar gheall ar imeachtaí polaitiúla nó mílteata nó tubaistí nádúrtha, is féidir leo úsáid a bhaint as Seirbhís Lorgaíochta Chrois Dhearg na hÉireann le teacht ar ghaolta dá gcuid atá ar iarraidh. Déanann an Cumann Náisiúnta, i gcomhar le Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD), gach iarracht an cuardach a chur i gcrích agus teacht ar na daoine atá ar iarraidh.


Is é seo a leanas briseadh síos na ndaoine a bhain

úsáid as **Seirbhís Lorgaíochta Chrois Dhearg na hÉireann***



- Páistí ag dul i dteagmháil le haosaigh 18%
- Páistí ag dul i dteagmháil le páistí 0%
- Aosaigh ag dul i dteagmháil le haosaigh 82%
- Aosaigh ag dul i dteagmháil le páistí 0%

Is é seo a leanas stádas na **Seirbhíse Lorgaíochta***



- Toradh dearfach 12%
- Toradh díúltach 19%
- Cás druidte 31%
- Cás ar feitheamh 38%

Eolas Iteangach

Tá an t-eolas ar fad ar ghníomhaíochtaí agus ar sheirbhísí maidir le hAthbhunú Ceangal idir Teaghlaigh (ACT) ar fáil anois i gcúig theanga dhifriúla, mar atá Francis, Spáinnis, Rúisis, Somáilis agus Araibis. Roghnaíodh na teangacha seo trí measúnú a dhéanamh ar náisiúntachtaí na ndaoine is minice a bhaineann úsáid as an tseirbhís ACT. Tá an t-eolas seo ar fad ar fáil anois ar www.redcross.ie agus cuireadh bileog eolais thart ar an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ar an Áisneacht Comhtháite Dídeanaithe agus ar ionaid lóistín do lucht iarrtha tearmainn ar fud na hÉireann.

Saoire Atruach

Soláthraíonn Crois Dhearg na hÉireann seirbhís Saoire Atruaí le gur féidir le saoránaigh Éireannacha atá ar seirbhís i bhfórsaí

*idir Eanáir agus Nollaig 2008



Fear a bhíodh ina shaighdiúir agus é ina pháiste ar ais lena theaghlach nach bhfaca sé ar feadh 8 mbliana. Grianghraf: Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

armtha na Stát Aontaithe thar lear dul i dteagmháil lena muintir in Éirinn agus le gur féidir iad a thabhairt ar ais go hÉirinn sa chás go mbeadh duine den teaghlach go dona tinn nó i ndiaidh bás a fháil. In 2008, scaoileadh fear Éireannach amháin saor óna chuid dualgais ar feadh tamaill le go dtiocfadh leis taistil ar ais go hÉirinn i ndiaidh dá athair céile bás a fháil. Ba as Baile Átha Cliath do bhean an fhir.

Tuairiscí Sláinte agus Leasa

Is féidir le Crois Dhearg na hÉireann cuidiú a thabhairt do theaghlaigh in Éirinn atá buartha faoi shláinte nó leas carad nó gaoil trí fiosruithe a dhéanamh lena fháil amach cén chaoi ina bhfuil siad.

Campa Lompoh Lhok Darma Camp do dhaoine easáitithe, ar imeall Banda Aceh, an Indinéis. Tugann Wulan, 14 bliana d'aois, croí isteach dá máthair, Zuriyah, i ndiaidh do Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge iad a thabhairt le chéile in athuir.

Grianghraf: Bernt Apeland, Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.



DLí Daonchaidiúil Idirnáisiúnta (DDI)

An Foréigean ar Bhonn Inscne (FBI)

De réir an mhínithe atá tugtha ag Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD), is grúpa rialacha agus dlíthe é an DDI lena bhféachtar, ar chúiseanna daonchaidiúla, le héifeachtaí coinbhleachtaí armtha a shrianadh. Leis na dlíthe seo tugtar cosaint do dhaoine nach raibh aon bhaint acu le cogaíocht riamh, agus dóibh siúd nach bhfuil bainteach léi níos mó, agus déantar modhanna cogaíochta a shrianadh.

Ghlac Crois Dhearg na hÉireann le cuireadh ó Bhuanchoiste Idir-rannach Náisiúnta an rialtais ar Dhlí Daonchaidiúil Idirnáisiúnta bheith ina comhalta den choiste. Tá suntas ar leith leis an gcuireadh seo nó is í Crois Dhearg na hÉireann an t-aon chomhalta neamhrialtasach ar an gcoiste. Is é an cuspóir a bhaineann leis an mBuanchoiste Náisiúnta a chinntiú go dtagann reachtaíocht na hÉireann le geallúintí agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta na hÉireann faoin Dlí Idirnáisiúnta. In 2008 dhírigh an Coiste ar ullmhúcháin don Chomhdháil Taidhleoirí ar Chnuas-Mhuinisín a raibh Rialtas na hÉireann mar óstach uirthi i mí na Bealtaine 2008.

Bhí beirt oifigeach de chuid Chrois Dhearg na hÉireann páirteach i gCleachtadh Sibhialta-Míleata Viking 2008 10-12 Samhain, 2008: Colm Byrne, Oifigeach le Deasc Áise, agus Diarmuid Scully, Oifigeach Seirbhísí agus Oiliúna. Is imeacht débhlíantúil é seo agus tugtar le chéile ionadaithe ó eagrais mhíleata agus sibhialta as gach cearn den Eoraip le cleachtadh a dhéanamh ar chás ionsamhlta ar ríomhaire a bhfuil iarmhairtí daonnúla leis. Is é cuspóir an chleachtaidh dhá lá taithí a thabhairt do na páirtithe sibhialta agus míleata araon ar pheirspictíocht, ar dhúshláin agus ar chuir chuige straitéiseacha an pháirtí eile agus é ag feidhmiú de réir na dtosaíochtaí aige féin. Féachtar le comhordú ar an machaire a fheabhsú i gcás coinbhleachtaí éagsúla ar fud an domhain, mar shampla in Darfur agus san Afganastáin. Leis an imeacht seo tugtar deis thábhachtach do Crois Dhearg na hÉireann ról ar leith na Croise Deirge i gcásanna den chineál seo a mholadh agus DDI a chur chun cinn. Is léiriú é rannpháirtíocht Chrois Dhearg na hÉireann san imeacht seo den cheangal méadaithe atá á dhéanamh leis na Fórsaí Cosanta de réir mhandáid an Chumainn Náisiúnta a bheith mar chúntóir ag na húdaráis phoiblí.

I dtreo dheireadh 2008 bhunaigh Crois Dhearg na hÉireann Coiste Comhairleach um DDI a bhfuil Rory MacCabe mar Chathaoirleach air. Ar na comhaltaí eile tá an Dr. Pat Gibbons as Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an Dr. Ray Murphy as an Ionad um Chearta Daonna in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Jennifer Bulbulia, Abhchóide, agus Len Blazeby atá mar bhreathnóir ón CICD sa Ghinéiv.

Folaíonn an téarma 'An Foréigean ar Bhonn Inscne' aon ghníomh dochrach nó foréigeanach ar dhuine eile mar gur bean nó fear í. De ghnáth is mná agus cailíní is mó a bhíonn thíos leis ach ní hiad amháin mar tá fir ann a dtarlaíonn an cineál seo foréigin dóibh mar gheall ar chreidimh shonracha shóisialta agus reiligiúnacha i gcultúir éagsúla.

I mí Lúnasa 2008 chuir Crois Dhearg na hÉireann páipéar coincheapa isteach chuig Cúnamh na hÉireann maidir le tionscadal píolótach le feachtas ar an bhForéigean ar Bhonn Inscne a phríomhshruthú. Dá mbeadh maoiniú ag Crois Dhearg na hÉireann ó Chúnamh na hÉireann, bheifí in ann ceisteanna maidir leis an bhForéigean ar Bhonn Inscne a chur chun tosaigh i nGluaiseacht na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge. Chuaigh an páipéar go mór i bhfeidhm ar na maoinitheoirí agus tá plean anois ann maoiniú de €300,000 a chur ar fáil don tionscadal, rud a chuirfidh le ról Chrois Dhearg na hÉireann i gCónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chumainn Dheirge (CónICD) maidir leis an bhForéigean ar Bhonn Inscne.

Lena chois sin, bhí triúr as Crois Dhearg na hÉireann i láthair ag cruinniú ceann bliana an Chuibhreannais ar an bhForéigean ar Bhonn

Inscne ar 17 Samhain 2008. Tá Crois Dhearg na hÉireann ar cheann de phríomhchomhaltaí an Chuibhreannais. Ba iad John Roycroft, Ard-Rúnaí Chrois Dhearg na hÉireann, Noel Wardick, Ceann na Roinne Idirnáisiúnta, agus Colm Byrne, Oifigeach le Deasc Áise an triúr a bhí i láthair agus ba í Máire Mhic Róibín, Iar-Uachtarán na hÉireann, atá mar phátrún an Chuibhreannais, a bhí mar chathaoirleach ar an gcruinniú.

I ndiaidh an chruinnithe de chomhaltaí an Chuibhreannais reáchtáladh Comhdháil ar Mhná, Siocháin agus Coimhlínt inar pléadh an tábhacht a bhaineann le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ina sonraítear 18 n-aidhm dhifriúla. Leis na haidhmeanna sin, déantar iarracht mná a chur ar a gcumas an todhchaí acu féin a rialú agus cumhacht a thabhairt dóibh cinn a dhéanamh. Labhair beirt aoichainteoirí ag an gcomhdháil ar son Chrois Dhearg na hÉireann, an Dr. Mukesh Kapila, Ionadaí Speisialta ar VEID agus SEIF sa Chónaidhm Idirnáisiúnta, agus Vera Krimb, speisialtóir ar chúrsaí inscne i Roinn na bPrionsabal agus na Luachanna sa Chónaidhm Idirnáisiúnta. Tá an Cuibhreannas ar an bhForéigean ar Bhonn Inscne comhdhéanta de na heagrais is mó in Éirinn a bhíonn ag plé le cúnaimh, forbairt agus cearta daonna, agus tá an Roinn Cosanta agus Cúnamh na hÉireann mar chuid de freisin.

Tá níos mó eolais ar an gCuibhreannas ar an bhForéigean ar Bhonn Inscne le fáil ag www.gbv.ie



Bukavu, ospidéal Panzi. Íospartach mná d'fhoréigean gnéasach. Grianghraf: Wojtek Lembryk. Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

An Indinéis

Próifíl Tíre:

Limistéar: 1,811,570 km cearnach

Daonra: 231,400,000

Ráta Báis Naíonán: 25 an míle breith

Ionchas Saoil: 69.7 bliain

Fir: 67.8 bliain

Mna: 71.6 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 0.2%

Ráta Litearthachta Aosach: 90.4%

Fir: 94.0%

Mná: 86.8%

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 80%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 107 of 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal: Oibreachtáí

Uisce agus Sláintíocht

Oideachas

Pobaltheagmháil agus Eolas

Achmhainn an Phobail a Fhorbairt

Bosca Fíricí:

5, Bhain 5,000 mac léinn tairbhe as Clár Cúnamh Airgead Tánaisteach (CCAT) in 2008

Tá ceithre scoil atógtha ag Crois Dhearg na hÉireann ag obair i bpáirtíocht le Crois Dhearg na Gearmáine in 2008 in Pulau Aceh san Indinéis. Tógfar dhá scoil eile in 2009

An Méid Airgid Aistrithe ag Crois Dhearg na hÉireann go tionscadail don bhliain 2008;

€2,286,111



I Mí na Nollag 2008, mharcáil siad lá cothrom ceithre bliana an tSúmánaí a bhuail an Indinéis i 2004, an tír a ba mhó a d'fhulaing sa Súmánaí. Ón uair a bhuail an Súmánaí thosaigh Crois Dhearg na hÉireann ag obair lá ar lámh le Crois Dhearg na hIndinése agus le cumainn náisiúnta eile chun cuidiú le muintir na hIndinése agus iad ag atógáil a mbeatha féin agus ag glacadh seilbhe ar a dtócháí féin.

Oideachas

Bhain 5,000 mac léinn leas as an gclár a chuir Crois Dhearg na hÉireann ar bun i 2008, Clár Cúnamh Airgead Tánaisteach nó (CCAT). Dhírigh an clár seo, a ritheadh freisin i 2006 agus 2007, ar pháistí ar theip an córas oideachais orthu nó a bhí i mbaol go dteipfeadh an córas orthu agus chuidigh sé le daoine óga oideachas a rochtain chomh maith le scileanna beatha a theagasc dóibh a bheadh úsáideach dóibh sa saol amach rompu.

Lean Crois Dhearg na hÉireann ag obair i bpáirtíocht le Crois Dhearg na Gearmáine mar chuid den Tionscadal Tógála Scoileanna na gCroiseanna Dearga Éireannach-Gearmánacha a raibh sé mar aidhm acu sé scoil nua a thógáil in Pulau Aceh. Tá ceithre cinn de na sé scoil seo tógtha cheana agus táthar ag tógáil an dá scoil eile faoi láthair, rud a thugann dóchas do mhic leinn óga ar scriosadh a scoileanna sa súnánaí i 2004.

An Clár Pobaltheagmhála

Cuireadh leis an Chlár Pobaltheagmhála (CP) i 2008, clár a ligeann dóibh siúd a ngoillinn tubaistí dóchar orthu a dtuairimí a léiriú agus a mbarúlacha a inse le linn dá bpobail a bheith á dtógáil arís. Is é príomhfhócas an chláir seo ná feabhas a chur leis an chumarsáid idir mharanathóirí an tSúnánaí trí úsáid a bhaint as na meáin, idir leictreonacha agus phriontáilte ina n-áirítear an raidió, nuachtlitreacha, nuachtáin mhíosúla, meáin a thugann tacaíocht do na pobail agus téacsteachtaireacht. Chomh maith leis sin seoladh clár raidió a dtugtar Rumoh PMI air a chraoltar 90 bomaite in aghaidh na seachtaine chuig pobail in Aceh agus Nias agus a phléann réimse ábhar, mar chúrsaí uisce agus saintíochta, cúrsaí inscne, dífhostaíochta agus míchumais. I Mí na Nollag 2008 seoladh go hoifigiúil clár nua raidió a bhfuil 26 mír ann – agus a léiríodh i stuideó nua de chuid Chrois Dhearg na hÉireann – le lámh chúnta a shíneadh i dtreo na ndaoine ar ghoill an Súnánaí orthu.

Tá moladh nach beag fáighte ag tionscadal seo an CP ó cheann ceann Ghluaiseacht na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge mar gheall ar an bhealach nuálaíoch ar éirigh leis teagmháil a dhéanamh leo siúd a ndeachaidh an Súnánaí i gcion orthu. Toisc go leanann siad ar aghaidh ag cuidiú leis na daoine is mó i mbaol,



Tá feabhas mór tagtha i saol an cháilín óig Indinéisigh seo mar gur éirigh le Crois Dhearg na hÉireann córas fiornua uisce agus saintíochta a thógáil ina baile mór. Griangraf: Noel Wardick, Crois Dhearg na hÉireann.

i ndiaidh na tubaiste, táthar ag tabhairt faoi phleananna a mheas freisin gníomhaíochtaí tionscnaimh CP a leathnú amach chun cláracha teilifíse sóisialta a thógáil san áireamh. Aithníodh an ríthábhacht atá leis an teilifís in Banda Aceh mar mheán a bhfuil borradh faoi agus trínar féidir le daoine eolas a fháil agus a bheith páirteach i saol a bpobal.

Uisce agus Sláintíocht

Is í an phríomhthosaíocht atá ag tionscadail uisce agus sláintíochta Chrois Dhearg na hÉireann san Indinéis ná go mbeidh na daoine a chaill a dtithe mar gheall ar an Súnámaí agus a bhfuil cónaí sealadach orthu go fóill ábalta tithe cónaithe níos buaine a fháil a mbeidh áiseanna sláinteachais ionbhuanaithe iontu. In Deah Mamplam chuidigh Crois Dhearg na hÉireann i dtógáil córas sólathair uisce pobail, 100 méadar ciúbach i méid, a mbainfaidh 288 teaghlach (1,000 duine) leas díreach as a chiallaíonn nach mbeidh na pobail amach anseo ag brath ar na húdaraí áitiúla amháin le haghaidh a gcuid uisce ach go mbeidh siad níos minicí ag brath ar a stuaim féin. Ag an am chéanna i Lampening tá córas draenála tógtha ag Crois Dhearg na hÉireann le cosc a chur le tulcáil amach anseo; tá 612 méadar de dhraenacha nua tógtha acu agus 300 méadar de dhraenacha a bhí ann cheana atógtha acu.

Cuairt ón Cheannoifig ar an Indinéis

I Mí na Nollag 2008 thug John Roycroft, Ard-Rúnaí Chrois Dhearg na hÉireann, agus Noel Wardick, Ceann na Ranna Idirnáisiúnta, cuairt ar fhoireann Chrois Dhearg na hÉireann agus ar na tionscadail san Indinéis.

In Deah Mamplam chuidigh Crois Dhearg na hÉireann le tógáil córas sólathair uisce pobail, 100 méadar ciúbach i méid, a mbainfaidh 288 teaghlach (1,000 duine) leas díreach as.



Grúpa mac léinn ó Chlár Cúnaimh Airgead Tánaisteach (CCAT) tá bealach níos dóchásaí ag síneadh amach roimh na mná óga seo anois mar go bhfuil rochtain níos fearr acu ar oideachas, dóchas atá curtha i gcrích ag Crois Dhearg na hÉireann. Griangraf: Noel Wardick, Crois Dhearg na hÉireann.



Oidhreacht bhuan: comhartha á scrúdú ag dólta ó scoil áitiúil i mBanda Aceh a chomórann tógáil na n-áiseanna uisce agus sláintíochta arna maoiniú ag Crois Dhearg na hÉireann agus Crois Dhearg na hIndinése. Griangraf: Noel Wardick, Crois Dhearg na hÉireann.



Tá ceithre scoil atógtha i Pulau Aceh san Indinéis ag Crois Dhearg na hÉireann a chintíonn go mbeidh páistí óga, macasamhail an bhuaichalla óig seo, ábalta teacht ar oideachas taréis tragóid an tSúnámaí i 2004. Griangraf: Noel Wardick, Crois Dhearg na hÉireann.

Srí Lanca

Próifíl Tíre:

Limistéar: 64,630 km cearnach

Daonra: 19,300,000

Ráta Báis Naíonán: 17 an míle breith

Ionchas Saoil: 71.6 bliain

Fir: 67.9 bliain

Mna: 75.6 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: Níl firicí ar fáil

Ráta Litearthachta Aosach: 90.7%

Fir: 92.3%

Mná: 89%

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 82%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 99 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal:

I Srí Lanca Thoir in 2008 bhí Crois Dhearg na hÉireann gnóthach i gcúig mhórhionscadal foirgníochta chun ospidéal agus íoclanna a atógáil

Oibreachtaí

Uisce agus Sláintíocht
Slite Beatha
Tithíocht
Sláinte

An Méid Airgid Aistrithe ag Crois Dhearg na hÉireann go tionscadail i Srí Lanca d on bhliain 2008;

€2,334.150

Bosca Fíricí:

€1,715,000 – an méid a bhronn Crois Dhearg na hÉireann i gcomhpháirtíocht le Tionscadal Gaillimh-Srí Lanca 2005 chun infreastruchtúr bunúsach a atógáil.

Anois tá teacht gach mí ag beagnach 1,000 máthair ar na seirbhísí sláinte a mbíonn géarghá leo mar gur atógadh Oispidéal Kethumathi na mBan le gairid.

Beidh fáil ar ball beag ag 6,000 duine in Pottuvil, Ampara ar sholáthar iontaofa d'uisce úr glan toisc gur thóg Crois Dhearg na hÉireann i bpáirtíocht le Crois Dhearg Mhéiriceá córas soláthair uisce.



Sláinte

Tá Crois Dhearg na hÉireann ag tabhairt tacaíochta do sé cinn de thionscadail nua, iad dírithe ar an bhonneagar sláinte i Srí Lanca agus a chuideoidh le h-atógáil seirbhísí fóirgníochta a scriosadh sa Súnámaí i 2004

Bhain ospidéal an-leas as saothar Chrois Dhearg na hÉireann, mar shampla Oispidéal Kethumathi na mBan in Pandura i Srí Lanca Thiar. Anois tá teacht ag beagnach 1,000 máthair ar na seomraí lánfheistithe atá ann agus ar na seirbhísí atá ar fáil gach mí ann agus thig leo bheith ar a gcaoithiúlacht mar gur léir dóibh go bhfuil scoth na seirbhísí agus na tacaíochta ansin dóibh. Is i Srí Lanca Thoir atá na cúig thionscadal eile faoi chúram Chrois Dhearg na hÉireann suite, arb iad Láríoclanna Katheravelli agus Santhivelli i gceantar Batticaloa dhá cheann acu. Tá soláthar a dhéanamh ar an dá cheann de na foirgnimh seo le bardaí nua míochaine agus máinliachta, le cóiríocht do fhoirne, le bunfhearas míochaine, le háiseanna oiliúna agus le háiseanna feabhsaithe uisce agus saintíochta. I Mí Meithimh 2008 bhronn Crois Dhearg na hÉireann an chéad otharcharr dá bhfuair sé riamh ar ospidéal Kallar a bheas ina chuidiú nuair a bheas éigeandáil ann i gceantar nach mbíonn feithicil iompair de ghnáth ar fáil ann.

Uisce agus Sláintíocht

Ceadaíodh togra uisce agus saintíochta i 2008 le haghaidh córas áitiúil soláthair uisce a thógfadh in Pottuvil i gceantar Ampara. Cuirfidh an córas seo atá faoi stiúir Chrois Dhearg na hÉireann i bpáirtíocht le Crois Dhearg Mhéiriceá uisce glan



Tháinig an Chrois Dhearg agus Gluaiseacht an Chorráin Dhearg i gcabhair ar dhaoine ar fud Srí Lanca le linn 2008 in ainneoin an dúshláin slándála a bhí ann. Griangraf: Noel Wardick, Crois Dhearg na hÉireann.



Meangadh lúchareach ar mháthair agus pháiste ina dteach nua a thóg Crois Dhearg na hÉireann le cisti ó Éirinn. Griangraf: Noel Wardick, Crois Dhearg na hÉireann.

ar fáil do suas le 6,000 duine nuair a bheas sé réidh.

Tá críoch curtha anois ag Crois Dhearg na hÉireann le tionscadail in Vellavally agus 780 tobar glanta aici. Is iad seo na príomhfhoinsí le haghaidh uisce do 8,000 duine i sráidbhaile.

Tithíocht

Ta dhá chineál tionscadal tithíochta ar bun ag Crois Dhearg na hÉireann i Srí Lanca, tithíocht a dhearann agus a thógann na conraitheoirí - a dtugtar tithíocht faoi thiomaint deontóra uirthi - agus tithíocht a dhearann agus a thógann na húinéirí - a dtugtar tithíocht faoi thiomaint úinéara uirthi - agus tá an dá chineál a mhaoiniú ag Crois Dhearg na hÉireann.

Tithíocht Faoi Thiomaint Deontóra

I 2008 bhronn Crois Dhearg na hÉireann suimeanna arbh fhiú €700,000 iad ar an phairtíocht idir Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge (CónICD) agus Gnáthóg NA (Gníomhaíocht Tithíochta agus Fothana na NA) agus baineadh úsáid astu chun 189 teach faoi thiomaint deontóra a thógáil le haghaidh na dteaghlach a bhuail buille trágóideach an tSúmámaí iad. Tógadh teaghlach ó champáí sealadacha go h-athshuíomh a raibh thart faoi 329 acra ann agus a rabhthas ag súil go lonnófaí 1,000 teach nua ann, a mbúnus sa chatagóir 'tógáil faoi thiomaint deontóra'.

Tithíocht Faoi Thiomaint Úinéara

Tar éis dóibh na tithe seo faoi thiomaint deontóra a thógáil rinne Crois Dhearg na

hÉireann cinneadh dearfa go dtógfadh siad i Srí Lanca tithe faoi thiomaint úinéara. Tá sé mar bhua ag an pholasaí nua seo ligint do dhaoine a ndeachaigh an tSúmámaí i gcion orthu a gcuid tithe féin a atógáil, ina mbealach féin agus de réir a riachtanas féin; is deacra seo a dhéanamh má fhostaítear conraitheoirí.

Go dtí seo tógadh 51 teach de réir Thionscadal Tógála Chrois Dhearg na hÉireann Puthukuduruppu Faoi Thiomaint Úinéara agus is tús maith é le plean a bheas níos leithne a chuideoidh le 349 úinéirí tí eile a dtithe a atógáil trí úsáid a bhaint as deontais bhreise barrlonta a fuair Rialtas Srí Lanca tar éis an tSúmámaí.

Déanann innealtóirí ó Chrois Dhearg na hÉireann maoirseacht agus monatóireacht ar an tógáil faoi thiomaint úinéara. Tógadh 36 tobar freisin mar aon le 50 ais leithris i bpáirtíocht le Cumann Chrois Dhearg Srí Lanca (CCDSL) agus le cuidiú teicniúil Chrois Dhearg na hÉireann.

Ag an am chéanna tá an Tionscadal Tógála faoi Thiomaint Deontóra, i mBatticaloa, i Srí Lanca Thoir críochnaithe anois agus tugadh na tithe uile do na h-úinéirí cúig tar éis do 50 teach a bheith tógtha agus 21 tobar freisin, tógtha de réir mar a bhí gá leo. Is tús as an úr iad na tithe seo do na teaghlaigh a d'fhulaing ón chuid ba mheasa den tSúmámaí agus cuirfear go seasmhach ar chosa iad, rud a theastaigh uathu go gear ó bhuail an tubaiste i 2004.

Tionscadal Comhpháirtíochta Gaillimh-Srí Lanca

Bhí comhpháirtíocht rathúil ann idir Chrois Dhearg na hÉireann agus an Tionscadal Gaillimh-Srí Lanca ó 2005 go dtí gur aimsigh siad an sproic i 2008. I rith an ama seo bhronn Crois Dhearg na hÉireann €1,715,000 a chuidigh chun 250 teach, 5 réamhscoil agus 2 ionad pobail a atógáil, éacht a chuir beocht agus beatha ar ais i roinnt mhór de na pobail bheaga tar éis léirscrios an tSúmámaí.

Slite Beatha

Lean gníomhaíochtaí slite beatha de chuid Chrois Dhearg na hÉireann ar aghaidh i rith 2008, agus an aidhm acu todhchaí dóchásach agus slí beatha socair a thabhairt do phobail nach raibh ioncaim ionbhuanaithe ní ba mhó acu mar gheall ar thionchar scriosta an tSúmámaí. Is é a bhí i gceist leis seo ná uirlisí, síolta, leasachán agus agus lotnaidicídí, a raibh géarghá leo uile, a sholáthar d'fheormeoirí ionas go dtiocfadh leo leanúint ar aghaidh le saothrú ríse agus gasraí agus go mbeadh cosaint níos fearr acu i gcoinne na ndáinséar a bhaineann le neamhghainge bia. Bhain 2,384 teaghlach (thart faoi 15,000



Bainfidh páistí agus a dteaghlaigh leas as 1,000 teach cónaí, atá tógtha cheana nó a bhí le tógáil i 2008, ó chisti a bhailigh Crois Dhearg na hÉireann in Éirinn. Griangraf: Noel Wardick, Crois Dhearg na hÉireann.

Na hOileáin Mhaildive

Próifíl Tíre:

Limistéar: 600 km cearnach

Daonra: 300,000

Ráta Báis Naíonán: 26 an míle breith

Ionchas Saoil: 67.0 bliain

Fir: 66.6 bliain

Mna: 67.6 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: Níl firicí ar fáil

Ráta Litearthachta Aosach: 96.3%

Fir: 96.2%

Mná: 96.4%

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 83%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 100 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal: Oibreachtaí

Uisce agus Sláintíocht

Bosca Fíricí:

Tá €4,472,329 curtha ar leataobh ag Crois Dhearg na hÉireann le cuidiú le daoine i ndiaidh an tSúnámaí sna hOileáin Mhaildive ó 2005 go 2009

Deonachán Iomlán
Chrois Dhearg
na hÉireann in 2008

€932,770



Páistí tairbhíochta in oileán Gadhoo, na hOileáin Mhaildive agus a n-ionad nua cóireála uisce. Griangraf: Joe Lowry, Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumann na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge.

Sa tréimhse 2005 go 2008 chuir Crois Dhearg na hÉireann tríur toscaire chun obriú le Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumann na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge (CónICD) sna hOileáin Mhaildive sna réimsí seo, faisnéis, tuairisciú, faisnéis teicneolaíochta agus innealtóireacht foirgníochta.

Uisce agus Sláintíocht

Tógadh córais nua séarachais i 2008 ar oileáin Maafushi, Guraidhoo agus Kudahuvadhoo agus tugadh do na hoileáin phobail chuí iad. In éineacht leis seo chuir Crois Dhearg Mhéiriceá umair sheipteacha nua in gach aon teach chun cáilíocht bheatha níos fearr agus níos sábháilte a thabhairt do na daoine ar na hoileáin seo. Is í an aidhm atá taobh thiar de na gníomhachtaí seo ná córais dhiúscairthe ghlana séarachais a thabhairt do na pobail seo agus mar sin maolú a

chur ar mhínicíocht galar nó básanna má théann daoine i dteagmháil le h-uisce truaillithe; ag an am chéanna tá an aidhm ann eiceachóras agus timpeallacht atá leochailleadh agus somhille a chosaint.

Oileán Kendhoo. De réir a chéile tá an saol ag teacht ar ais mar a bhíodh i gcuid de na hOileáin Mhaildivé. Griangraf: Yoshi Shimizu, Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumann na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge.



An India

Próifíl Tíre:

Limistéar: 2,973,190 km cearnach

Daonra: 1,161,900,000

Ráta Báis Naíonán: 54 an míle breith

Ionchas Saoil: 63.7 bliain

Fir: 62.3 bliain

Mna: 65.3 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 0.3%

Ráta Litearthachta Aosach: 61%

Fir: 73.4%

Mná: 47.8%

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 89%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 128 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal:

Oibreachtaí

Freagairt ar Thubaiste

Bosca Fíricí:

Maraíodh breis agus 2,483 duine mar gheall ar bháisteach fholcmhar a thit anuas ar an India i rith 2008

Deonachán Iomlán
Chrois Dhearg
na hÉireann in 2008

€4,065



Grúpa páistí ag ní éadaí gar do fhoinsé uisce; bhuaill báisteach throm cuid mhór den India i Meitheamh 2008 agus dá bharr chuaigh tulcaí agus sciorthaí talún i gcion go mór ar na mílte duine. Griangraf: Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg.

I Mí Meithimh 2008 scuab fearthain bhliantúil an mhonsúin ar fud na hIndia i bhfad níba luaithe ná sna blianta roimhe agus dá bharr thit i bhfad níba mhó fearthaine thar tréimhse níb' fhuide. Mar gheall ar an áthrú sheasúrach seo maraíodh na mílte agus scriosadh na milliún teach agus talamh feirmeoireachta leis. Mar thacaíocht a dhéanamh le Cumann Chrois Dhearg na hIndia tharraing Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg (CónICD) cistí óna Chiste Éigeandála um Fhóirithint Anachaine (CÉFA) chun cúnamh éigeandála a

sholáthar do na daoine ar ghoill an díle bháistí orthu ina n-áirítear foscadh, bunábhair, éadaí, uisce ólacháin agus earraí tí mar aon le tacú síochóisialta a raibh géarghá leis.

Thug Crois Dhearg na hÉireann dhá thabhartas airgid nach raibh curtha in áirithe, €2,370 i Mí Mheán Fómhair agus €1,695 i Mí Dheireadh Fómhair, €4,065 ina iomlán, chun cuidiú leo siúd ar ghoill an tubaiste orthu.



In ainneoin riosca na truaillithe, tá na cáilíní seo ag siúl in uisce éadomhain tar éis don fhearthain mhonsúin léibhéil na n-uisc a árdú go suntasach in a lán ceantar san India i lár na bliana. Thug Crois Dhearg na hÉireann dhá thabhartas airgid in 2008 chun cuidiú leo siúd ar ghoill na tuillte orthu. Griangraf: Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg.

An Bhangladéis

Próifíl Tíre:

Limistéar: 130,170 km cearnach

Daonra: 157,500,000

Ráta Báis Naíonán: 52 an míle breith

Ionchas Saoil: 63.1 bliain

Fir: 62.3 bliain

Mná: 64.0 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 0.3%

Ráta Litearthachta Aosach: 61%

Fir: 53.9%

Mná: 40.8%

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 80%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 140 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal: Oibreachtaí

Freagairt ar Thubaiste

Soláthar Éigeandála Bia agus Dídeáin

Uisce agus Sláintíocht

Bosca Fíricí:

Dháil Crois Dhearg na hÉireann €80,000 in 2008 le cuidiú le daoine ar ghoill Cíoclón Sidr go mór orthu.

Mhill an cíoclón 1.5 milliún teach cónaithe

Deonachán Iomlán
Chrois Dhearg
na hÉireann in 2008

€80,000



Cáilín ón cheantar ag amharc ar dhráma dar teideal "Jago Manush (Tabhair Aire)" a dhéanann pobail a theagasc faoi thubaistí nádúrtha. Griangraf: Shebab Uddin. Drik. An Chrois Dhearg.

Bhuail Cíoclón Sidr an Bhangladéis ar luas 220-240 km/uair an 15 Samhain 2007. Sa slad a lean an tubaiste uafásach seo, meastar de réir an staidrimh gur maraíodh suas le 4,000 duine, gur gortaíodh 34,508 duine agus gur fágadh amuigh agus istigh ar 1,700 duine ar iarraidh. Scríos an cíoclón suas le 1.5 milliún teach cónaithe, rud a scríos slíte beatha agus a ghoill ar 8.9 milliún duine san iomlán. Tháinig tuilleadh fadhbanna chun cinn, áfach, díreach i ndiaidh na tubaiste nuair a fuarthas amach gur thruailligh an cíoclón cuid mhór de na foinsí uisce inólta, rud a mharaigh na mílte beithíoch agus a scríos limistéar measta de 1.7 milliún acra de bharr,

ar bhraith pobail logánta go mór. Ghriomhaigh Crois Dhearg na hÉireann láithreach mar fhreagairt ar an chíoclón, agus thug 80,000 do achainí de chuid Chónaidhm Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dhearg (CónICD) a dhírigh isteach ar fhoscadh éigeandála, bia agus uisce agus sláintíocht a sholáthar dóibh siúd ba mhó i mbaol. Mar sin féin, tá foscadh níos buaine de dhíth go ríghéar ar chuid mhór Bhangladéiseach. Bhí Cíoclón Sidr ar cheann de na tubaistí nádúrtha is measa a bhuail tír bhochtaithe nuair a scríosadh beagnach ceithre oiread níos mó tithe cónaithe ná mar a bhuail Crith Talún na Pacastáine i 2005.



Bunadh na háite ag amharc ar dhráma dar teideal "Jago Manush (Tabhair Aire)" a dhéanann pobail a theagasc faoi thubaistí nádúrtha. Griangraf: Shebab Uddin. Drik. An Chrois Dhearg.

An tSín

Próifíl Tíre:

Limistéar: 9,327,420 km cearnach

Daonra: 1,337,000,000

Ráta Báis Naíonán: 19 an míle breith

Ionchas Saoil: 72.5 bliain

Fir: 71.0 bliain

Mna: 74.3 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 0.1%

Ráta Litearthachta Aosach: 90.9%

Fir: 95.1%

Mná: 86.5%

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 88%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 81 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal:

Oibreachtaí

Freagairt ar Thubaiste

Soláthar Éigeándála Bia agus Dídeáin

Tacaíocht Loistíochúil

Bosca Fíricí:

Fágadh 15,000,000 gan áit chónaithe tar éis an chreatha talún i Sichuan i Mí Bhealtaine 2008

Chuir Crois Dhearg na hÉireann €75,000 ar fáil le haghaidh foscaidh éigeándála dóibh siúd a bhí fágtha gan teach nó a bhí easáitithe tar éis an chreatha talún

An 12 Bealtaine 2008 bhuail crith talún a d'aimsigh 8.0 ar an scála Richter Sichuan, cúige in Iar-dheisceart na Síne. Tar éis na tubaiste fágadh 70,000 marbh agus goineadh 374,368. Tar éis an chreatha talún féin tharla cuid mhór iar-chreathanna agus sciorthaí talún a d'fhág Sichuan agus na pobail inti ní b'fhaide thíos leis agus a chuir moill shuntasach ar na hiarrachtaí ar thartháil.

Ionas go mbeadh siad ábalta cabhair éigeándála a sholáthar do na daoine ar ghoill an crith talún orthu chomh luath agus ab fhéidir d'oibrigh rialtais na Síne, le heagrachtaí gnó agus le hinstiúidí sóisialta chun cuidiú in atógáil 978,000 teach cónaí uirbeach, atógáil a bhí á déanamh ag foirne foirgníochta urraithe ag an rialtas.

Idir an dá linn, thug Crois Dhearg na Síne tacaíocht don ról a bhí ag foirne tubaistefhreagartha an rialtais in éineacht le Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge (CónICD) agus Cumann Chrois Dhearg na Síne agus Cumainn Náisiúnta na Croise Deirge ar fud na hÁise.

Chuidigh Crois Dhearg na hÉireann leis an CónICD agus le Cumann Chrois Dhearg na Síne ag cur €75,000 ar fáil le haghaidh foscadh éigeándála agus €100,000 le haghaidh 8,385 cuilt, 2,900 paca sláinteais agus chuir siad tacaíocht loistíochta ar fáil freisin. Bronnadh, chomh maith, €47,000 eile chun tacú agus cúnadh fadtéarmach a thabhairt do na daoine agus na pobail i Sachuan.

Ceann de na tubaistí nádúrtha ba scriosaí i stair na Síne a bhí i gCrith Talún Sichuan a ghoill go trágóideach ar na milliúin duine, daoine nach bhfuil tagha chucu féin go fóill de thairbhe na dtionta turrainge a rith trína gcúige.



Buachaill naoi mbliana d'aois agus a theaghlach a thainig slán ón gcrith talún i mBailecheantar Tashui i gContae an 'An'. Thug Crois Dhearg na Gearmáine puball dóibh, ceann amháin as 100,000 bronnta ag cumainn náisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge a oibríonn trí Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge. Tugann an Chónaidhm tacaíocht do Chumann Chrois Dhearg na Síne. Grianghraf: Bernard Thomas Barrett. Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

Deonachán Iomlán
Chrois Dhearg
na hÉireann in 2008

€222,000



Marthanóirí crith talún ó Bheichuan ag filleadh go dtí an baile mór 100 lá tar éis na tubaiste le haghaidh deasghnáth an chaoite, traidisiúnta sa tSín. Bhí roinnt foirne síceasóisialta ag Cumann Chrois Dhearg na Síne i gceantar na tubaiste agus chuaigh cuid ann ó eagraíochtaí eile. Bhí an dubhchuid daoine ag brath ar an iliomad oibríthe deonacha, daoine a ndeachaigh an tubaiste i gcion orthu agus a chaill a dtithe agus a chaill na daoine ab ansa leo agus a raibh cabhair ag teastáil uathu le teacht ar ais arís ar an stuamacht a ba dhual dóibh. Chuaigh an Chrois Dhearg i mbun oibre go gasta i ndiaidh an chreatha talún ag éirí cuidiú le daoine chun suaimhneas intinne a neartú iontu. Ba dhochreidte scála na n-iarrachtaí a bhí de dhíth san oibríocht áirithe seo faoi mar a bhí sa tubaiste i gcoitinne. Grianghraf: Li Zheng, Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge.

Maenmar

Próifíl Tíre:

Limistéar: 657,550 km cearnach

Daonra: 49,000,000

Ráta Báis Naíonán: 74 an míle breith

Ionchas Saoil: 60.8 bliain

Fir: 57.6 bliain

Mná: 64.2 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 0.7%

Ráta Litearthachta Aosach: 89.9%

Fir: 93.9%

Mná: 86.4%

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 80%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 132 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal:

Oibreachtaí

Freagairt ar Thubaiste

Dídeán

Uisce agus Sláintíocht

Bosca Fíricí:

Tá sé tugtha le fios ag na NA gur ghoill Cíoclón Nargis ar 2.4 milliun duine

Thug Crois Dhearg na hÉireann €340,000 le hearraí faoisim a cheannach go díreach i ndiaidh do Chíoclón Nargis a bhualadh

Deonachán Iomlán
Chrois Dhearg
na hÉireann in 2008

€480,000



An 2 agus an 3 Bealtaine bhuaill Cíoclón Nargis Maenmar ag milleadh sráidbhailte go hiomlán agus ag márú suas le 84,500 duine, na mílte eile ar iarraidh gan dóchas ann go bhfillfidh.

Tar éis an chéad thabhartais de €340,000 i ndiaidh na trágóide seo bhronn Crois Dhearg na hÉireann €140,000 breise chun cuidiú le huisce agus le háitreabh. Chuir na tabhartais airgid seo cúnamh agus tacaíocht ar fáil do bhreis agus 500,000 duine in Maenmar i dtaca le foscadh, le huisce agus le cúrsaí fóirithinte eile.

D'éitil Joe Lowry, Toscaire Chrois Dhearg na hÉireann láithreach go Maenmar tar éis an chíoclóin mar ar chó-ordaigh sé cúrsaí cumarsáide Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge (CónLCD). Rinne sé tuairiscíú fosta ar a raibh ag tarlú ar an talamh do na meáin chumarsáide Béarla uile ar fud an domhain.



Joe Lowry, toscaire Chrois Dhearg na hÉireann i mbun oibre i Maenmar.



Damáiste déanta ag Cíoclón Nargis in Bogalay, Maenmar. Grianghraf: Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge.



Páistí ina suí i gconablach a dtithe mílte i Yangon, Thiar Theas Maenmar. Grianghraf; Reuters. Stringer. Grianghraf le caoinchead ó alertnet.org.

An Chéinia

Próifíl Tíre:

Limistéar: 569,140 km cearnach

Daonra: 36,500,000

Ráta Báis Naíonán: 80 an míle breith

Ionchas Saoil: 52.1 bliain

Fir: 51.1 bliain

Mna: 53.1 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 1,200,000 duine

Ráta Litearthachta Aosach: 73.6%

Fir: 77.7%

Mná: 70.2%

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 57%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 148 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal:

Oibreachtaí

Seirbhísí Éigeandála
Dáileadh soláthairtí bia
agus soláthairtí neamhbhía
Soláthar síolta d'fheirmeoirí

Bosca Fíricí:

Thug Crois Dhearg na hÉireann tabhartas €20,000 láithreach i Mí Eanáir 2008 le harbhar Indiach agus grán a cheannach chun cuidiú leo siúd ar ghoil an choinbheacht orthu

Deonachán Iomlán
Chrois Dhearg
na hÉireann in 2008

€20,000



Coinbheacht

Maríodh na céadta de mhuintir na Céinia agus fágadh na mílte easáitithe mar gheall ar na toghacháin ghinéarála i Mí na Nollag 2007 agus na ráigeanna foiréigean treibheach a tharla dá bharr. Rinne Crois Dhearg na hÉireann monatóireacht ghéar ar an gcás agus ag an am cheanna chomhoibrigh Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD) in éineacht le Cumann Chrois Dhearg na Céinia agus mar fhreagairt ar ghéarchéim chuir siad pacáistí soláthair mhíochaine ar fáil dóibh siúd a gortaíodh i laethe tosaigh na gcaismirtí.

Cuireadh máinlia ón CICD ar fáil in ospidéal i mbaile mór Eldoret, in iarthar na Céinia, le daoine gonta a chur faoi obráid agus cóir leighis a chur orthu ar bhealach go n-íoslódh sé an brú ar shéirbhísí éigeandála na Céinia a bhí ag streachailt chun déileáil leis an ghéarchéim.

Chaith John Roche, tosaire ó Chrois Dhearg na hÉireann roinnt seachtainí sa Chéinia ag comhordú na ngníomhaíochtaí éigeandála ar son Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge (CónICD) go dtí gur mhaoiligh an choinbheacht.

Dáileadh Bia

Sa chéad seachtain i Mí Eanáir, go gearr tar éis tús na coinbheachta, chuir Crois Dhearg na hÉireann €20,000 ar fáil le harbhar Indiach agus grán a cheannach mar fhreagairt ar ghéarriachtanais na ndaoine i gcuachás. Idir an dá linn chuir CICD cúig thrucail chuig Eldoret inar theith thart faoi 30,000 duine easáitithe chun cuidiú le Crois Dhearg na Céinia soláthairtí bia agus soláthairtí neamhbhía a dháileadh ar na daoine sa bhaile.

Ó tháinig ceannaire an fhreasúra Odinga agus an



Duine easáitithe ina thír féin agus a mhac ag Campa Eaglais na n-Aspal. Grianghraf: Bernard Thomas Barrett. Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

t-Uachtarán Mwai Kibaki ar réiteach 28 Feabhra 2008 tá Crois Dhearg na Céinia ag déanamh a díchill áit chónaithe a fháil do na céadta míle duine a easáitíodh sa choinbheacht. Bhí seoladh achainní i gceist anseo ag lorg cabhrach le tithe a atógáil agus le síolta a fháil le cur. Iarracht a bhí anseo freagraí fadtéarmacha a thabhairt do na daoine ionas go mbeadh siad ábalta na slite beatha a milleadh a chothú arís.

Tá deacrachtaí i ndán do mhuintir na Céinia fós mar gheall ar an neamhdhaingne atá ann a d'fhás ó na caismirtí i ndiaidh na dtoghachán agus a chuir bac ar an fheirmeoireacht in áiteanna áirithe. Is cúis imní freisin an eagla faoi ghanntanas gráin. Mar sin féin tá Crois Dhearg na hÉireann ag monatóireacht cúrsaí go fóill.



Campa Eldoret. Teaghlach atá easáitithe ina dtír féin. Ester Wabui: "B'éigean dúinn teitheadh ónár dteach cónaithe agus dódh é. Shroicheamar an campa seo seachtain ó shin ag cuartú tearmainn agus cabhrach." Grianghraf: Pedram Yazdi. Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

An Mhaláiv

Próifíl Tíre:

Limistéar: 94,080 km cearnach

Daonra: 13,500,000

Ráta Báis Naíonán: 71 an míle breith

Ionchas Saoil: 46.3 bliain

Fir: 46.0 bliain

Mna: 46.7 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 11.9%

Ráta Litearthachta Aosach: 64.1%

Fir: 74.9%

Mná: 54.0%

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 76%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 164 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadail: Oibreachtaí

Uisce agus Sláintíocht
Daigne Bia
VEID/SEIF

Bosca Fíricí:

Tá 40,000 duine anois ag baint leasa as an rochtain atá acu ar uisce glan mar gur druileáilleadh agus go ndearnadh sábháilte breis agus 100 tobar.

Fuair breis agus 80 tionscnóir sláinteachais traenáil i scaipeadh teachtaireachtaí sláinteachais agus i gcothú sláinteachais ina bpobail féin.

256 – líon na ndaoine a bhfuil VEID nó SEIF orthu agus a fuair leigheas agus tacaíocht mar gheall ar an mhaoiniú a fuarthas ó Chrois Dhearg na hÉireann agus ó Chúnamh Leictreach

Creidtear gur ghoill an tulcáil mhór ar 86,830 duine sa Mhaláiv i Mí Feabhra 2008.




Uisce agus Sláintíocht

Idir 1 Eanáir 2008 agus 31 Nollaig 2008 chuir Crois Dhearg na hÉireann 25 córas soláthair uisce ar bun, iad lánfheidhmeach, agus 500 ardán sláintíochta (a úsáidtear i dtógáil losán) i gCeantar Lilongwe ar bhain 12,000 duine leas díreach astu. Chuir Crois Dhearg na hÉireann oiliúint ar fáil do 250 duine i mbainistiú pointe uisce chun na córais seo a reáchtáil. Tháinig seo uile i gcrích trí chuidiú Gorta a bhronn €100,000 ar an tionscadail. Amach anseo leanfaidh Gorta leis ag cuidiú leis na tionscadail uisce, sláintíochta agus slite beatha ó d'éirigh leis cistiú leanúnach do 2009 a aimsiú mar gur chríochnaigh an chéad bhliain den pháirtíocht seo a chríochnú go rathúil.

Thug Cúnamh Éireann freisin €211,675 do Chlár Chrois Dhearg na hÉireann um Sholáthar Uisce, Shláintíocht agus Chothú Sláinteachais san Mhaláiv a thug tacaíocht do thionscadail uisce agus sláintíochta. Ba í seo an ceathrú bliain as a chéile ar mhaoinigh Cúnamh Éireann gníomhachtaí Chrois Dhearg na hÉireann san Mhaláiv.

Cúnamh Éireann

In 2008 shocraigh Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge (CónICD) agus Cúnamh Éireann ar pháirtíocht nua dhá bhliana ina dtabharfadh Cúnamh Éireann maoiniú €6 milliúin don CónICD le haghaidh tionscadail san Afraic, oibreacha Chrois Dhearg na hÉireann thar lear san áireamh.



Thug Crois Dhearg na hÉireann tacaíocht le hionaid phobail 'buail isteach' a bhunú a chabhraíonn le páistí i mbaol agus páistí ar fagadh ina ndílleachtaí iad de thairbhe VEID/SEIF, macasamhail an buachalla bhig seo. Griangraf: Noel Wardick, Crois Dhearg na hÉireann.

De réir na páirtíochta do na blianta 2008/2009 dáilfear maoiniú na €6 milliúin atá tugtha don CónCID mar seo a leanas:

- Réigiún Iarthar agus Lár na hAfraice: €3.3 milliún
- An Ciste Éigeandála um Fhóirithint Tubaistí (CEFT): €2 milliún Crois Dhearg na hÉireann; €600,000
- Crois Dhearg na hÉireann: €600,000
- Foilsíú na dTuarascálacha 2008 agus 2009 ar Thubaistí Domhanda: €100,000

Dáileadh na €600,000 tugtha do Crois Dhearg na hÉireann:

- Caithfear €100,000 ar chláir san Mhaláiv i rith 2008/2009
- Caithfear €500,000 ar chláir san Nígir i rith 2008/2009.



Griangraf: Noel Wardick, Crois Dhearg na hÉireann.

VEID/SEIF

I rith an chéad leath de 2008 thug Cúnamh Leictreach (Electric Aid), an roinn maoinithe in BSL, €10,000, ar chuir Crois Dhearg na hÉireann €6,905 leis, chun tionscadal VEID/SEIF a mhaoiniú i gCeantar Ntchisi sa Mhaláiv Láir. Is forleathan an fhadhb í VEID/SEIF sa Mhaláiv go mórmhór in Ntchisi agus de bharr sin ba í aidhm an tionscadail seo dul i dteagmháil le daoine ar ghoill an galar seo orthu agus tacaíocht agus cúram coisctheach a thabhairt dóibh. Mar gheall ar an tionscadal seo, roimh an 30 Meitheamh 2008, tugadh cóireáil agus tacaíocht do 256 duine a bhfuil VEID agus SEIF orthu agus do 500 dílleachta agus do phaistí i mbaol a bhfuil an galar ag dul go díreach i bhfeidhm orthu.

D'fhaomh Crois Dhearg na hÉireann, freisin, togra cuimsitheach ó Chros Dhearg na Maláive i dtaca le VEID/SEIF arbh fhiú €100,000 é fá choinne 2008-2009 agus cuireadh tús leis i Mí na Samhna 2008.

Tuillte

Mar gur chuir sé go trom i Feabhra 2008 tharla tulcáil i nDeisceart na hAfraice a chuir as do tuairim is 66,830 teaghlach. Mar fhreagairt air seo sheol an CóinCD achainí tuillte ar mhaithe le réigiún na hAfraice theas chun €7,131,363 a bhailiú agus chun cuidiú le 154,150 tairbhí, an Mhaláiv ina measc, thar thréimhse sé mhí. Thug Cúnamh Éireann €150,000 go speisialta don Mhaláiv le deileáil leis na tuillte seo.

Toscaire Crois Dhearg na hÉireann

Is í Anne Marie Cunningham, toscaire Chrois Dhearg na hÉireann sa Mhaláiv, a bhí i gceannas ar aonad Pleanála, Monatóireachta, Measúnachta agus Tuairiscithe (PMMT), aonad a thug tacaíocht iomlán do na gníomhachtaí agus do na tionscadail a bhí á gcur i gcrích ag Cumann Chrois Dhearg na Maláive. Rinne Anne Marie measúnachtaí agus dáilti ar na ceantair Chickwawa agus Nsanje a raibh an-tionchar ag tuillte Mí Feabhra 2008 orthu.

Cuairt Ó Chrois Dhearg na hÉireann

Thug Cathaoirleach Chrois Dhearg na hÉireann, David Andrews cuairt ar an Mhaláiv ó 29 Aibreán go dtí 2 Bealtaine 2008, faoi mar a thug sé in 2004. Bhí sé in éineacht le Noel Wardick, Ceann na Ranna Idirnáisiúnta, Crois Dhearg na hÉireann, chun cuairt a thabhairt ar na suíomhanna atá maoinithe ag Gorta agus ag Crois Dhearg na hÉireann agus chun scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta. Bhuail an Cathaoirleach agus Noel Wardick le Liam MacGabhann, Ambasadóir na hÉireann sa Mhaláiv.

Thug Emma McBride, an t-Oifigeach ag an Deasc Afraiceach, Crois Dhearg na hÉireann, cuairt fósta ar an Mhaláiv idir 3 Samhain agus 8 Samhain nuair a thug sí cuairt ar shuíomhanna oibre maoinithe ag Crois Dhearg na hÉireann, ag Gorta agus ag Cúnamh Éireann. Bhuail sí le Crois Dhearg na Maláive leis an pháirtíocht atá acu faoi láthair a phlé.



Chuidigh Crois Dhearg na hÉireann leis na céadta páiste ar ghoill VEID agus SEIF orthu in 2008 trí oideachasa chur ar fáil i gcúram coisctheach agus trí thacaíocht athadhairt. Griangraf: Noel Wardick, Crois Dhearg na hÉireann.

**Rannpháirtithe sa Mhaláiv:**

Gorta, Cúnamh Éireann, Crois Dhearg na Maláive, Cúnamh Leictreach.



Comórann páistí sa Mhaláiv oscailt tobar nua-dhruileáilte, curtha isteach ag Crois Dhearg na Maláive i bpáirtíocht le Crois Dhearg na hÉireann. Griangraf: Noel Wardick, Crois Dhearg na hÉireann.

An tSiombáib

Próifíl Tíre:

Limistéar: 386,850 km cearnach

Daonra: 13,300,000

Ráta Báis Naíonán: 59 an míle breith

Ionchas Saoil: 40.9 bliain

Fir: 41.4 bliain

Mna: 40.2 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 15.3%

Ráta Litearthachta Aosach: Níl fíricí ar fáil

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 81%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 151 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal: Oibreachtáí

Achainí Éigeandála Calair
Neamhdhaingne Bia

Bosca Fíricí:

Bhí 5 milliún duine ag fulaingt
Neamhdhaingne Bia go hainsealach faoi
dheireadh 2008.

Sheol Cumainn na Croise
Deirge agus an Chorráin
Dheirg achainí ag lorg

€24,231,363

le haghaidh na Siombáide
amhain in 2008.



Neamhdhaingne i gcúrsaí Bia

Toisc go raibh gránbharr an gheimhridh an-bhocht in 2008 tháinig laghdú mór ar thairgeadh na mbarraí i gcomparáid leis na blianta roimhe. Mar sin ba mhór na dúshláin agus ba ghéar an neamhdhaingne bia a bhí i ndán do na daoine a bhí ag brath ar an fheirmeoireacht. Mar fhreagairt ar an ghéarchéim seo chuir Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg (CónICD) achainí amach i Mí Lúnasa le haghaidh beagnach €17.1 milliún a chuideodh le 260,100 duine an-soghonta.

Coinbhleacht

Bhris coinbhleacht amach le linn an toghacháin uachtarántachta i Márta 2008 agus bhí an eagla ann go rabhtas ag fáil réidh le haghaidh cogadh cathartha. Rinne Crois Dhearg na hÉireann monatóireacht leanúnach ar an chás. Rinne siad pleananna fosta chun trírú ball foirne a raibh an-táthí acu a chur ar fáil chun cuidiú leis an CÍCD agus leis an CónICD sna hearnálacha lóistíochta, sláinte, slite beatha/ neamhdhaingne bia/monatóireachta agus tuairisceoireachta.

Tuillte

Bhuail na tuillte an tSiombáid go trom i dtús na bliana 2008. Bhain an tír leas, áfach, as an achainí a chuir an CónICD amach le haghaidh €7,131,363, é seo le húsáid ar mhaithe leis na daoine a ba mhó ar ghoill an tulcáil orthu.

Calair

Bhris ráig ghéar chalair amach sa tSiombáid thart faoi dheireadh 2008. Bhí na mílte cás ann agus na céadta bás dá bharr. Den chuid

is mó is trí uisce salach a tholgtar calair agus a leathnaíonn sé; cé gurb éasca cosc a chur air agus é a chóireáil, muna gcuirtear stop leis thig leis leathnú go gasta agus thig le básanna agus trágóidí a bhféadfaí a sheachaint a theacht leis. Droch-chleachtais i gcúrsaí sláinteachais laistigh de phobail na Siombáide agus easpa ullmhachta ar theacht do thubaistí a ba chúis le fás tapa na géarchéime. Leanann Crois Dhearg na hÉireann lena hobair in éineacht leis an CónICD sa tSiombáid, iad ag tacú le daoine a ngoilleann an brescadh amach orthu.



Diltáire tuaslagán sailíne á chur ar bhean Shiombáideach in ionad cóireála calair. Griangraf; Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg.



Othar a bhfuil calair air i gclínic i Nyamunga, ceantar Kariba, an tSiombáib. Griangraf: Crols Dhearg na Seapáine.



Bia á dháileadh sa tSiombáid.

An Nígir

Próifíl Tíre:

Limistéar: 1,266,700 km cearnach

Daonra: 13,600,000

Ráta Báis Naíonán: 83 an míle breith

Ionchas Saoil: 55.8 bliain

Fir: 56.7 bliain

Mna: 54.9 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 0.8%

Ráta Litearthachta Aosach: 28.7%

Fir: 42.9%

Mná: 15.1%

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 42%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 174 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal: Oibreachtaí

Neamhdhaingne Bia

Slite Beatha

Acmhainn an Phobail a Fhorbairt

Bosca Fíricí:

€2.4 million – am méid airgid a thug Crois Dhearg na hÉireann le haghaidh a tionscadal don tréimhse 2008-2010



Páirtíocht Chúnamh Éireann, an CónICD agus Crois Dhearg na Breataine

Sa bhliain 2008 chuaigh Crois Dhearg na hÉireann i bpáirtíocht le Cumann Crois Dhearg na Breataine (CCDB) ionas go gcuirfeadh siad le hacmhainn an phobail a fhorbairt agus le gníomhaíochtaí shlite beatha i Réigiún Zinder sa Nígir. Chuaigh foireann ó Crois Dhearg na hÉireann go Zinder i Márta 2008 le tús a chur leis an chéad chéim de na gníomhaíochtaí seo tar éis don CCDB €93,679 a bhronnadh orthu. Nuair a bhí deireadh rathúil curtha acu le Céim a hAon de na gníomhaíochtaí thug an CCDB deontas Céim a Dó arbh fhiú €700,000 é do Crois Dhearg na hÉireann.

Bhí maoinigh tugtha ag Cúnamh Éireann cheana féin le haghaidh tionscadail um Shlite Beatha i Réigiún Agadez i dtuaisceart na Nígre ach toisc go raibh deacrachtaí ann an ceantar a rochtain mar gheall ar an choinbhleacht a bhí ag dul ar aghaidh ann b'éigean do Crois Dhearg na hÉireann tarraingt siar ó Agadez. Bíodh sin mar ata áthdháileadh an t-airgead a bhí tugtha cheana ag Cúnamh Éireann le haghaidh Agadez ar Réigiún Zinder mar aon le cistí ón CCDB, ó Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge (CónICD) agus ó Crois Dhearg na hÉireann, arbh fhiú €2.4 milliún iad ina n-íomlán.

Slite Beatha

Na slite beatha i Réigiún Zinder in 2008 a ba

ceann de na fócais a ba phríomha ar dhírigh Crois Dhearg na hÉireann aird orthu. Ba í aidhm na ngníomhaíochtaí seo ná tódhchaí ionchothaithe a bhuanú do phobail a bhí soghonta, seo a dhéanamh trí thionscdaí uisce agus sláintíochta a chur i gcrích chomh maith le tacaíocht a sholáthar do scéimeanna talmhaíochta agus uisceacháin ionas go mbeadh feirmeoirí agus a dteaghlaigh ábalta ioncam iontaoifa a chrúthú dóibh féin.

Neamhdhaingne Bia

D'ardaigh praghasanna bia go suntasach sa Nígir in 2008 mar gheall ar ardú praghasanna go domhanda chomh maith leis an tionchar leanúnach a bhíonn ag an athrú aeráide orthu agus mar gheall ar an bhfás nach beag sa daonra.

Mar fhreagairt ar an athrú eacnamaíoch seo oibríonn Crois Dhearg na hÉireann le Cumann Crois Dhearg na Nígre (CCDN) chun tacú le Stráitéis Cúig Bliana um Dhaingne Bia san Afraic, stráitéis a bhunaigh an CónICD a bhfuil sé agus mar aidhm acu dul i ngleic le ganntanais bia ar bhonn pobail.

Cuairt ón Cheannoifig ar an Nígir

I Mí na Samhna 2008 thug Noel Wardick, Ceannasaí na Roinne Idirnáisiúnta, cuairt ar an Nígir le bualadh le foireann Crois Dhearg na hÉireann ann agus leis na suíomhanna oibre a fheiceáil.



Cailín óg ó bhaile Tanout i Réigiún Zinder sa Nígir, réigiún ar chuidigh Crois Dhearg na hÉireann le caighdeán na beatha a fheabhsú go suntasach trí thionscdaí uisce agus sláintíochta a chur i gcrích agus trí thacaíocht a thabhairt do shlí beatha na bhfeirmeoirí. Grianghraf: Noel Wardick, Crois Dhearg na hÉireann.



Reigiún Zinder, An Nígir. Dóchas anois ag na páistí seo go mbeidh bealach níos gile rompu. Beatha níos fearr i ndán do na páistí seo de bharr an ionchuir a rinne Crois Dhearg na hÉireann sna cláir nua um shlite beatha. Grianghraf: Noel Wardick, Crois Dhearg na hÉireann.

An Congó (Poblacht Daonlathach)

Próifíl Tíre:

Limistéar: 2,267,050 km cearnach

Daonra: 60,200,000

Ráta Báis Naíonán: 129 an míle breith

Ionchas Saoil: 45.8 bliain

Fir: 44.4 bliain

Mna: 47.1 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: Nil fíricí ar fáil

Ráta Litearthachta Aosach: 67.2%

Fir: 80.9%

Mná: 54.1%

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 46%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 168 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal:

Oibreachtaí

Dáileadh Earraí Neamh-bhia
Uisce agus Sláintíocht
Imdhíonadh Polaimiailtís
Gníomhaíochtaí um Chothú
Éigeandála
Sláinte agus Sláinteachais
Caidrimh idir theaghlach a Athbhunú

Bosca Fíricí:

Laistigh de roinnt laethanta, mhéadaigh an daonra i gcampaí i Kibati, 6km ó Ghoma, ó 20,000 go 65,000.

Chuaigh 10,000 dídeánaí ón Chongó thar an teorainn isteach go Uganda i Mí Lúnasa 2008

Deonachán Iomlán
Chrois Dhearg
na hÉireann in 2008

€25,000

Coinbhleacht

In 2008 toisc go raibh sé ina throid ghéar i Réigiún Oirthear Phoblacht Daonlathach an Chongó idir ghrúpaí i gcoinbhleacht lena chéile b'éigeán do na mílte sibhialtach teitheadh óna dtithe cónaí agus tearmann a chuartú i dtithe scoile i gcampaí do dhaoine easáitithe. Mar go raibh an t-infreastruchtúr go dona sna campaí seo fágadh teaghlach ar theacht ansin don chéad uair dóibh gan dídeán go mórmhór má bhí séasúr na báistí i réim.

Go luath i Mí Lúnasa 2008 bhí 10,000 dídeanaí Congólach imithe isteach thar teorainn Uganda ag meádu go mór an daonra a bhí ansin cheana agus ag cur brú ollmhór ar na h-aitheaghlach a thóg isteach dídeanaí agus a raibh na hacmhainní s'acu ar tí briste dá bharr.

Mar gheall ar na géarchéimeanna seo chuir Cumann Chrois Dhearg Uganda (CCDU) iarratas ar Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge (CónICD) le Cistí Éigeandála um Fhóirithint Tubaistí a fháil.

Le tacaíocht a thabhairt d'imeadhóidh polaimiailtís, do dháileadh tháirgí neamhbhia agus do ghníomhaíochtaí le sláinte agus sláinteachais a fhorbairt.

Oibríonn an CCDU le Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD) a thugann tacaíocht dóibh i dtaca le Athbhunú Ceangal idir Teaghlach (ACT), chomh maith le hearraí tí bunasacha le haghaidh 500 teaghlach le cuidiú le mórfhlodú isteach na ndídeanaíthe.

Achainí Éigeandála

Bhronn Crois Dhearg na hÉireann €25,000 le cuidiú le daoine ó Phoblacht Daonlathach an Chongó ag cuartú dídeáin in Uganda. Ag an am céanna cuireann Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge béim ar an tábhacht a bhaineann leis an Dlí Daonchaidriúil Idirnáisiúnta (DDI) ionas go gcomhlíonfaidh na páirtithe troda an dualgas atá orthu beathaí sibhialtacha a chaomhnú agus go ligfidh siad do na seirbhísí éigeandála teacht i gcabhair ar dhaoine i gcuachás nuair a bhíonn choibhneacht ann.



Gróigeadh páistí agus dramháil thart orthu. Mar gurbh éigeán don oiread sin daoine bogadh le linn na coinbhleachta bhí an iomarca duine i gcuid mhór de campaí na n-easáititheach mar a raibh na coinníollacha sláinteachais fíorbhocht. Grianghraf: Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge.



Faoiseamh in anachain. Páiste ón Chongó ag díúl a ordóige agus oibrí deonach ón Chrois Dhearg ar gcúl. Mar gheall ar an choibhneacht i bPoblacht Daonlathach an Chongó b'éigeán do ma mílte a dtithe a fhágáil agus dul go ceantair uirbeacha mar a raibh ganntanas dídeáin agus soláthairtí eile. Grianghraf: Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge.

Uganda

Próifíl Tíre:

Limistéar: 241,038 km cearnach
Daonra: 29,700,000
Ráta Báis Naíonán: 82 an míle breith
Ionchas Saoil: 49.7 bliain
Fir: 49.1 bliain
Mna: 50.2 bliain
Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 5.4%
Ráta Litearthachta Aosach: 66.8%
Fir: 76.8%
Mná: 57.7%
Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 64%
Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 154 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal: Oibreachtaí

Athbhunú Ceangal idir Teaghlach

Deonachán Iomlán
Crois Dhearg
na hÉireann in 2008

€50,000



In 2008 chuidigh Crois Dhearg na hÉireann leis na costais a bhain le teaghlach a bhí scartha óna chéile, a ngaolta a aimsiú arís agus seo i gcomhar le tionscadal a bhí ar bun ag Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD). Bhí €50,000 ina iomlán sa chiste ag Crois Dhearg na hÉireann, suim a tugadh dó ag tús na bliana leis an chuspóir seo leanas a aimsiú:

‘Go mbeidh sé ar a gcumas ag daoine atá scartha óna dteaghlach ceangail a athbhunú agus a chothú lena ngaolta laistigh den tír agus thar lear. Go n-aontófar lena chéile arís páistí, ina measc iad siúd a raibh baint acu tráth le grúpaí armtha, agus a dteaghlach nuair is féidir agus is cuí é sin a dhéanamh. Go gcuirfead eolas ar fáil do theaghlach ar chás a ngaolta atá ar iarraidh mar gheall ar an choimbheacht.’



I Uganda in 2008 mhaoinigh Crois Dhearg na hÉireann tionscadal a chuidigh le teaghlach na daoine a b'ansa leo a aimsiú. Grianghraf: Heine Pedersen Crois Dhearg na Danmhairge.

An Libéir

Próifíl Tíre:

Limistéar: 96,320 km cearnach
Daonra: 3,600,000
Ráta Báis Naíonán: 93 an míle breith
Ionchas Saoil: 44.7 bliain
Fir: 43.8 bliain
Mna: 45.6 bliain
Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 1.7%
Ráta Litearthachta Aosach: Níl fíricí ar fáil
Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 64%
Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: Níl fíricí ar fáil



Tugann Crois Dhearg na hÉireann tacaíocht leanúnach do ghníomhachtaí Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD) sa Libéir trí Willie Norton mar

Chomhordaitheoir Oibríochtaí Air/Lóistíochta. Bhí Willie lonnaithe i bpríomhchathair na Libéire, Monrovia, in Iar-thuaisceart na Libéire.



Ábhar mór dóchais agus sólais í an pheil do dhaoine ar baineadh géag leo; is ceann de na grúpaí is imeallaithe sa tír iad fir óga; íospartaigh chogaidh a mbunús. Grianghraf: Christopher Morris; Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

An Aetóip

Próifíl Tíre:

Limistéar: 1,000,000 km cearnach

Daonra: 80,800,000

Ráta Bás Naíonán: 75 an míle breith

Ionchas Saoil: 51.8 bliain

Fir: 50.5 bliain

Mna: 53.1 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 2.1%

Ráta Litearthachta Aosach: Níl fíricí ar fáil

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 42%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 169 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal:

Oibreachtaí

Achainí Éigeandála

Soláthairtí Éigeandála Bia

Bosca Fíricí:

€20,000 am méid airgid a gheall Crois Dhearg na hÉireann ar son Achainí Éigeandála an CICD i Mí Mheithimh 2008

40,000 líon na ndaoine a fuair cuidiú ón achainí éigeandála a rith Crois Dhearg na hAetóipe agus Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg.

Deonachán Iomlán
Chrois Dhearg
na hÉireann in 2008

€45,000



Chuaigh Crois Dhearg na hÉireann, Crois Dhearg na Breataine, Crois Dhearg Mhéiriceá agus Crois Dhearg na Danmhairge i mbun comhráit in 2008 ionas go gcuirfí comh-mhisean monatóireachta chuig an Aetóip le fail amach riachtanais na ndaoine is soghonta sna pobail san Aetóip go mórmhór iad siúd a ndeachaigh Víreas Easpa Imdhionachta Daonna (VEID) i gcion orthu.

Achainí Éigeandála

Mar fhreagairt ar an ardú sna rátaí droch-chothaithe mar gheall ar ghanntanais bia, sheol Crois Dhearg na hAetóipe agus Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg (CónICD) achainí éigeandála le cuidiú le 40,000 duine i Réigiún na Náisiún Theas, na Náisiúnachtaí agus na bPobal i Saincheantar Wolayita i nDeisceart na hAetóipe.

Tá ceann de na rátaí droch-chothaithe is measa ar fud na hAetóipe le fáil i Saincheantar Wolayita ina bhfuil daonra 1.6 milliún. Tagann 50% den bhia a mbíonn na pobail seo ag brath air ón earnáil talmhaíochta, 40% ón mhargadh agus 10% ó thairgí ainmhithe. Is fíordheacair dá bharr anois do dhaoine a chónaíonn sna pobail seo obair a fháil agus slí beatha a shaothrú mar gur tháinig roinnt tosa le chéile ina measc droch-chothú agus bás beo-stoic, teip ar bharr agus laghdú i ngníomhachtaí eacnamaíochta.

Gheall Crois Dhearg na hÉireann €45,000 d'Achainí Éigeandála an CónICD a chuidigh le soláthairtí éigeandála bia a sholáthar do dhaoine droch-chothuithe.



Fir ag lódáil anuas málaí bia ón CICD, 10 Meán Fómhair 2008 i sráidbhaile Shanto i Réigiún Wolayita san Aetóip. Grianghraf: Jose Cendon Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg.



Dáileadh bia Meán Fómhair 2008 i sráidbhaile Buge i Réigiún Wolayita san Aetóip. Grianghraf: Jose Cendon Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg.

An tSomáil

Próifíl Tíre:

Limistéar: 627,340 km cearnach

Daonra: 8,400,000

Ráta Báis Naíonán: 88 an míle breith

Ionchas Saoil: 47.0 bliain

Fir: 45.9 bliain

Mna: 48.2 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 0.5%

Ráta Litearthachta Aosach: Níl fíricí ar fáil

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 29%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: Níl fíricí ar fáil

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal: Oibreachtaí

Ghíomhaíochtaí Éigeandála
Neamh-Bhia agus Dídeáin

Bosca Fíricí:

Bhronn Crois Dhearg na hÉireann €30,000 le blaincíd agus líontáin muiscíte a cheannach do phobail sa tSomáil easáitithe sa choinbhleacht.

Chuaigh an ghéarchéim dhaonchairdiuil i gcion ar 2 milliún duine sa tSomáil.

Creidtear anois gurb í an tSomáil an áit is measa ar domhan do pháistí, le duine as gach seachtar páiste Somálach ag fulaingt droch-chothú géar.

Deonachán Iomlán
Chrois Dhearg
na hÉireann in 2008
€30,000



D'éirigh an staid dhaonchairdiúil sa tSomáil níba ghéibheannaí fós in 2008 mar gur lean an cogadh ar aghaidh idir ghrúpaí míleatacha Ioslamacha agus trúpaí oifigiúla na Somáile agus na hAetóipe. Easáitíodh cuid mhór pobal soghonta a d'fhulaing faoi thionchar na coinbhleachta seo agus mar gheall ar an fhoréigean chaill siad a slite beatha. Mar fhreagairt air seo rinne Crois Dhearg na hÉireann luach €30,000 blaincíd agus líontáin muiscíte a sholáthar dóibh siúd a ba mhó riachtanas. Mar gheall ar an fhoréigean thart ar an tír, afách, cuireadh bac mór leis an soláthar cabhrach agus bhí deacrachtaí ann ag iompórtáil soláthairtí ar muir mar gheall ar fhoghlaithe.


Lean Crois Dhearg na hÉireann ag monatóireacht na géarchéime daonchairdiúla in 2008 as ar seoladh mórfheachtas i Mí Mhárta chun feasacht a ardú faoin chás agus chun aird a dhíriú ar na céadta míle sibhialtach ar ghoill an troid orthu a chuir brú orthu teitheadh óna dtithe.

Theith 60% de dhaonra Mogadishu, príomhchathair na Somáile óna dtithe le linn an chuid a ba mheasa den choinbhleacht agus chuir fúthu i gcampaí sealadacha do dhaoine

easáitithe. Tá stráice talún 15km ar fad ann idir Mogadishu agus baile mór Afgooye mar a bhfuil 250,000 duine i gcampaí ar thaobh an bhóthair, an comhcheangal is tiubhe de dhaoine easáitithe ar domhan.

Le blianta beaga anuas tá tacaíocht tugtha ag Crois Dhearg na hÉireann do ghníomhaíochtaí Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD) i dtaca le bia agus dídean éigeandála agus thar an tréimhse seo tá beagnach €200,000 bronnta aici, ag tacú leis na daoine is soghonta i gcoinbhleacht, go mórmhór na pháistí. Creidtear anois gurb í an tSomáil an áit is measa ar domhan do pháiste le marachtaí ann, le duine as gach seachtar páiste Somálach ag fulaingt droch-chothú géar.

Labhair Cathaoirleach Chrois Dhearg na hÉireann, David Andrews ar ráidíó náisiúnta na chúlraí sa tSomáil agus iad ag dul in olcas i rith Áibreáin 2008.



Mogadishu sa tSomáil, campa le haghaidh daoine easáitithe ina dtír féin. Bean ag ullmhú piseanna talún le díol sa bhaile mhór. Grianghraf: B Schaeffer. Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

An tSúdáin-Darfur

Bhí daoine easáitithe breise ann sa tSúdáin mar gheall ar achrainn fhoréigneacha i gcathair Omuduran an 10 Bealtaine agus mar gheall ar chaismirtí i réigiún Abeyi an mhí chéanna. Dá bharr seo tá Crois Dhearg na hÉireann agus Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD) solúbtha, faoi láthair, agus réidh le riachtanais ghéara muintir na Súdáine a fhreagairt má thagann tuilleadh coinbhleachta chun cinn.

Rinne an CICD réidh nuair a bhailigh siad an méid soláthairtí a bheadh ábalta earraí tí bunúsacha a sholáthar le haghaidh suas le 120,000 duine sa tSúdáin agus cúnamh bia agus uisce agus sláintíocht le haghaidh suas le 600,000 duine i réigiún Darfur.

Freagairt Chrois Dhearg na hÉireann

Lean Crois Dhearg na hÉireann béim ar bhonn leanúnach ar an trágóid dhaonchairdiúil sa Darfur gach seans a fuair sí i rith 2008 agus ba í an tSúdáin an oibríocht dhomhanda a ba mhó ag an CICD don cheathrú bliain as a chéile.

Faoi dheireadh na bliana 2007 bhí €40,000 tugtha ag Crois Dhearg na hÉireann a chuidigh le tarapóil agus barraí gallúnaí a sholáthar do na daoine in Darfur.

I rith na bliana 2008 mhéadaigh daonra Campa Gerieda faoi dhó go dtí breis agus 125,000 duine a raibh 21,000 acu ina bpáistí faoi aois na cúig bliana agus iad ag brath go hiomlán ó chabhair ón taobh amuigh le teacht slán. Mar fhreagairt ar na riachtanais ghéara i gCampa Gereida thug Crois Dhearg na hÉireann do achainí CónICD tríd tacaíocht a thabhairt i bhfoirm uisce ghlain, sláintíochta agus seirbhísí diúscairte dramhaíola, rudaí a raibh géarghá leo.

San iomlán chuir Crois Dhearg na hÉireann €140,000 ar fáil ó thús 2007 agus ina iomlán €425,000 ó 1 Eanáir 2006 a bhí ina chuidiú le dídeánaithe ó Dharfur sna campaí i Sead.

Toscaire Chrois Dhearg na hÉireann

D'oibrigh Seamus Meagher do Chrois Dhearg na hÉireann mar thoscaire in Darfur i rith 2008 agus bhí sé freagrach as comhordú lóistíochta an CICD agus as iarrachtaí a thionlacan ar fud an réigiúin.

Próifíl Tíre:

Limistéar: 2.376,000 km cearnach

Daonra: 37,800,000

Ráta Báis Naíonán: 69 an míle breith

Ionchas Saoil: 57.4 bliain

Fir: 56.0 bliain

Mna: 58.9 bliain

Daoine a bhfuil VEID / SEIF orthu: 1.4%

Ráta Litearthachta Aosach: Níl fíricí ar fáil

Daoine ag úsáid Foinse Uisce Feabhsaithe: 70%

Innéacs um Fhorbairt mar Dhuine: 147 as 177

Bosca Fíricí Faoin Tionscadal:

Oibreachtaí

Earraí Tí Riachtanacha

Uisce agus Sláintíocht

Seirbhísí um Uisce a Dhiúscairt

Bosca Fíricí:

Tá €40,000 tugtha ag Crois Dhearg na hÉireann a chuidigh le tarapóil agus barraí gallúnaí a cheannach a dáileadh ag cláir Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge in Darfur.



Páistí ina dídeanaithe ag éisteacht lena muinteoir in Tréguine in oirthear Sead i gcampa na Croise Deirge le haghaidh dídeanaithe ón Darfur. Faigheann siad teagasc anseo i gcúrsaí sláinteachais. In ainneoin gur theith siad a dtír dhúchais tá scoilchuraclam na Súdáine á leanúint ag na páistí seo a chintíonn nuair a bheas siad ar ais arís sa bhaile nach mbeidh aon scolaíocht cailte acu.

Tiomsú Airgid

Ceapachán Nua

I Mí Lúnasa 2008 chuaigh Robert Astick le Crois Dhearg na hÉireann ag teacht ó Choláiste Ríoga Náisiúnta na nDall sa Ríocht Aontaithe. Is é Ceannasaí Tiomsaithe Airgid é agus tá roinnt straitéisí nua curtha i gcrích aige chun iarrachtaí i dtiomsú airgid a uasmhéadú sna blianta atá romhainn.

Achainíocha Éigeándála

Seoladh dhá mhór-achainí éigeándála laistigh de roinnt bheag laethe dá chéile i Mí Bhealtaine tar éis don chrith talún i gCúige Sichuan sa tSín a mharaigh breis agus 80,000 duine agus an cioclón i Maenmar (Burma) a thóg céad míle beo leis.

Mar fhreagairt ritheadh neart imeachtaí tiomsaithe airgid ar fud na hÉireann, ina measc agus go speisialta bailiúchán dhá lá eagraithe ag an phobal Síneach in Éirinn. Taispeánadh rincí, ceol agus ealaín ón tSín ar Shráid Grafton i mBaile Átha Cliath agus tiomsaíodh cistí airgid nár bheag le haghaidh achainíochta ar mhaithe leis an tSín agus le Maenmar.

Thug Puca, cuideachta mhargaíochta fhón póca, tacaíocht don achainí nuair a chuir siad ar fáil agus chun cinn téacs-uimhir saor in aisce arbh fhéidir €2.50 a bhronnadh thríth. Rinneadh roinnt a bhí chothrom de cibé airgead a tiomsaíodh idir na gníomhaireachtaí móra a raibh baint acu leis na hoibríochtaí sa tSín agus i Maenmar: Crois Dhearg na hÉireann, Trócaire, Oxfam agus Concern.



An Achainí Chrith Talún

Bhí baill den phobal Shíneach a bhfuil cónaí orthu in Éirinn chun tosaigh ag freagairt ar an achainí chrith talún a sheolamar; chuir siad taispeántas dá gcultúr traidisiúnta ar siúl i Sraid Grafton. Grianghraf: Crois Dhearg na hÉireann.

Ba mhó arís an chabhair éigeándála a bhí a lorg ag an Afraic le déileáil le géarchéimeanna daonchairdiúla a bhí ag dul in olcas ar fud na mór-roinne; bhí achainíochta ann ag lorg cabhrach le déileáil le:

- Ganntanais bhia sa tSiombáib agus ar Adharc na hAfraice
- Calar sa tSiombáib
- Coinbhleachtaí sa tSomáil agus i bPoblacht Daonlathach an Chongó
- Tuillte i nDeisceart na hAfraice agus san India

Achainíochta Éireannacha

Ar bhonn áitiúil cuireadh tús freisin le tionscadal tiomsaithe caipitil le hionad tarrthála sléibhe a thógáil le haghaidh Foireann Tarrthála Sléibhe Ghleann Ó Máil Chrois Dhearg na hÉireann.

Imeachtaí

Ó cheann ceann na tíre d'eagraigh grúpaí pobail, comhlachtaí agus daoine aonair na scórtha imeacht chun airgead a thiomsú le haghaidh Chrois Dhearg na hÉireann ina gceantair féin agus trí imeachtaí móra náisiúnta macasamhail an Flora Women's Mini-Marathon


Comhpháirtithe Corparáideacha

Bhronn Co-Op Ireland Carthanais na Bliana 2008 ar Chrois Dhearg na hÉireann agus leanann ár bpáirtíocht fhadtéarmach le Shamrock Foods ar aghaidh.

Mná agus páistí, Amy Lane, Faolán Quéménér agus Ellie Woulfe ó Chrois Dhearg na hÉireann ag spreagadh chun reatha iad siúd a thóg páirt sa Flora Women's Mini-Marathon ar son obair Chrois Dhearg na hÉireann; cuidíonn an obair le mná sa Mhaláiv a rás féin i rith le teacht slán in am an ghátair, an bhochtannais, tinnis agus athraithe aeráide. Grianghraf: Lensmen.



Cúrsaí Cumarsáide



Caidrimh leis na Meáin Chumarsáide

Sa bhliain 2008 b'fhorleathan líon na dtubaistí agus na fulaingthe a tharla ar fud an domhain agus ó thaobh uimhreacha de ba í 2004 an t-aon bhliain a sháraigh í, ba í sin bliain an tSúnámaí san Aigéan Indiach. Mar gheall ar seo agus in éineacht le himeachtaí a bhí réamhphleanáilte, ina measc comhdhálacha agus gníomhachtaí eile, bhí tuairiscí faoin obair a dhéanann Crois Dhearg na hÉireann le sonrú in gach aon nuachtán náisiúnta, ar gach stáisiún teilifíse agus láithreán Gréasáin nuachta a raibh sciar mhaith den mhargadh acu. Faoi mar atá an dúil ag na meáin náisiúnta ann léiríonn na figiúirí go bhfuil dúil sa raidió áitiúil in imeachtaí idirnáisiúnta a chlúdach fosta a bhfuil suim sna mór-mheáin iontu agus in imeachtaí áitiúla leis. Rud eile de, de bharr gníomhaíochtaí bhaill Crois Dhearg na hÉireann thart ar an tír bhí tuarascálacha faoin eagraíocht in beagnach gach aon pháipéar áitiúil.

Díríodh aird speisialta na meán ar dhá thubaiste nach rabhtas ag dréim leo, i Maenmar (Burma) agus sa tSín. Rinne na meáin tuairiscí ar thionscnaimh chumarsáide a chuir Crois Dhearg na hÉireann ar bun i rith na bliana, tionscnaimh ag tacú le hachainíocha le haghaidh na ngéarchéimeanna seo agus géarchéimeanna nach iad a fuair sciar iomlán de bheagnach sé mhíilliún léitheoir nuachtán/

breathnóir teilifíse/éisteoir raidió. Ba fheiceálai na figiúirí seo i Mí na Bealtaine nuair a bhí na tubaistí i Maenmar agus sa tSín in ard a réime. Tharla cuid bheag ach cuid shuntasach den chlúdach náisiúnta a fuair imeachtaí thar lear de bharr na dtionscnamh nua tiomsaithe airgid ar cuireadh tús leo, ina measc áis a seoladh le haghaidh téacsthabhartas agus feachtas a bhí dírithe ar pháistí ina saighdiúirí ag deireadh na bliana anuraidh.

Mar sin féin, cé gur soiléir é an dualgas a bhíonn ar na meáin tuairiscíú nuair a bhíonn imeachtaí ag titim amach, is fiú a rá go bhfuair an dá phríomhimeacht a bhí pleanáilte, mar a bhí An Chomhdháil um Chnuas-Mhuinsin agus Tuarascáil 2008 ar Thubaistí Domhanda, beagnach an leathoiread sin de chlúdach; shroich líon an lucht féachána 2.3 milliún.

In Éirinn bhí an clúdach ó na meáin chumarsáide forleathan agus ba mhó an clúdach a tugadh do ghníomhaíochtaí Garchabhrach thar aon gníomhaíocht eile.



Chlúdaigh na meáin náisiúnta feachtas feasachta um Garchabhair agus d'aimsigh comórtais Garchabhrach clúdach sna meáin áitiúla agus réigiúnacha – go mórmhór sna contaethe sin a ghlac páirt sna comórtais. Mar an gcéanna nuair a

seoladh na trí otharcharr nua ba mhór an t-ionnra ar Chrois Dhearg na hÉireann i mbéal an phobail go speisialta i gcontaethe an tseolta.

Admhaíonn Crois Dhearg na hÉireann an tacaíocht a fuarthas go háirithe ón nuachtán the **Irish Examiner** i dtaca leis an fhorlíonadh speisialta faoi Garchabhair ina irisleabhar *Feelgood* a thairg siad go flaitiúil agus a scaip siad ar fud na tíre. Istigh leis bhí postaer 'tarraingt amach' a mhínigh teicíní na Garchabhrach agus a raibh *Crois Dhearg na hÉireann* brandáilte air. Ó thaobh Chrois Dhearg na hÉireann de, ba mhór an formhaoiniú é agus an chéim in ardú feasachta é an forlíonadh agus ba sholáthraí traenála Garchabhrach é arbh fhiú €150,000 bolscaireachta é, figiúr atá bunaithe ar LBC (luach bolscaireachta coibhéiseach).


Cé gurbh ar ghníomhaíochtaí Garchabhrach a ba mhó ar dhirigh na meáin a n-aird bhí fiosrúcháin agus deiseanna eile ann ó na meáin i rith na bliana a ndearnadh freagairt orthu le Crois Dhearg na hÉireann a chur chun cinn. (*Féach an chairt ar an leathanach thall*).

% den chlúdach sna meáin spreagtha ag gníomhaíochtaí thar lear



An Láithreán Gréasáin

In 2008 rinneadh uasghrádú breise ar láithreán Gréasáin Chrois Dhearg na hÉireann. Mar go bhfuil an phreaschartlann comhlíonta is féidir gach aon phreaseisiúint, ag dul siar go 1999, a fháil ar líne. Don

% den chhlúdach sna meáin spreagtha ag gníomhaíochtaí in Éirinn

- Comórtas na Nóibhíseach is na nDaltaí 8%
- Comórtas na n-Otharcharr Sinsearach 4%
- Comórtas Trófaí an Uachtaráin 6%
- Duine le Tarrháil, Garchabhair le Foghlaim 7%
- Leideanna Garchabhrach 8%
- Mí-úsáid an tSuaiteantais sa Cholóim 17%
- Bailithe Bréige ar Dhoirse i mBaile Átha Cliath 9%
- Buaiteoirí Bonn Óir Ghaisce 7%
- Ceileatram Craicinn 4%
- Cuairt A Mhórgacht Ríoga, Prionsa Faisal ar Crois Dhearg na hÉireann 7%
- Tiomsú Airgid, Maratón Bhaile Átha Cliath 10%
- Seoladh Otharcharr 13%

chéad uair tá bunachar sonraí ann atá luachmhar agus stairiúil de na gníomhaíochtaí uile. Chomh maith leis sin cuidíonn teacht an 'favicon' - lógó atá breá so-aitheanta - le húsáideoirí an láithreáin Ghréasáin a rochtain.

Cuireadh féilire iomlán de na cúrsaí Garchabhrach a bhíonn ar siúl ar fud na tíre ar an láithreán Gréasáin freisin, ar aon dul le hintinn Chrois Dhearg na hÉireann go leanfar le forbairt na seirbhísí ar líne. Tá ríthábhacht straitéiseach ag na seirbhísí seo mar gheall ar an fhás i líon na rannpháirtithe leathanbhanda, méadaithe 42% i gcoitinne agus 200% go háirithe i gcás leathanbhanda móibíleach. Go ginearálta in 2008 bhí breis agus 15% de mhéadú bliain-ár-bhliain ann. Spreag na buaiceanna i Mí Bealtaine agus arís i Mí na Nollag an méadú seo. Léiríonn na buaiceanna an suim a bhí ag na meáin ag an am sna tuairiscí ar éigeandálacha agus ar achainíochta speisialta.

Comhpháirtíochtaí Corparáideacha**Easy Health**

Seo an dara bliain don chomhpháirtíocht meán seo le *EasyHealth*, iris ráithiúil, náisiúnta, lándaite ar díol ar fud na tíre a bhfuil díolachain agus ciorclaíocht 27,658 cóip aici. Tá an chomhpháirtíocht ann i ngeall le Dr. Andrew Kelly, Cathaoirleach **Coiste Comhairleach Míochaine Crois Dhearg na hÉireann** a rinne an taighde ar agus a léirigh go flaitiúil gach airteagal agus a thug an táille a ghnóthaigh sé do Chrois Dhearg na hÉireann. Tá cóipeanna de na hairteagail ar fáil ar láithreán Gréasáin Chrois Dhearg na hÉireann ag www.redcross.ie/easyhealth



Chinn an roinn Éireannach i Landrover, mar chuid den cheangal domhanda idir Landrover agus



Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumann na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirge, ar dhífhibrileoirí agus oiliúint a cheannach ó Chrois Dhearg na hÉireann; thug siad tabhartas beag dí chomh maith a ghóthaíodh as poiblíocht ceangailte leis an chomhpháirtíocht.

Foilseacháin

Cuireadh an *Irish Red Cross Review* ar ais ar bhonn ráithiúil arís in 2008 agus eagrán breise speisialta leis i Mí Eanáir; mar sin foilsíodh cúig eagrán san iomlán in 2008.

Tá na heagrán uile den *Irish Red Cross Review* agus cóipeanna de na Tuarascálacha Bliantúla foilsithe (Tá eagrán 2007 sa phictiúr thuas) ar láithreán Gréasáin Chrois Dhearg na hÉireann, www.redcross.ie/publications

An Dlí Daonchaidriúil Idirnáisiúnta (DDI)

In 2008 arís d'éirigh le Crois Dhearg na hÉireann suim a spreagadh sa Dlí Daonchaidriúil Idirnáisiúnta i measc iarchéimithe agus scolairí.

Glacadh i mbliana le triúr mac léinn ó Éirinn i gcúrsa iomráiteach bliantúil an DDI rite ag Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD) i Vársá. Ní bhíonn ach 35 áit ar fáil ar an gcúrsa seo, atá ann anois le 26 bliain, do mhic léinn ó cheann ceann Mhéiriceá Thuaidh agus na hEorpa. Cuireann Crois Dhearg na hÉireann €1,000 sparántachta ar leataobh gach bliain as a cistí féin mar chuidiú d'iaratasóirí éiritheacha in íocaíocht táillí cúrsaí agus costais taistil.

**Comóradh 70 Bliain**

De réir mar a bhí Crois Dhearg na hÉireann ag druidim leis an gloch mhílte tábhachtach seo fuarthas roinnt iarratas i dtaca le gníomhaíochtaí Chrois Dhearg na hÉireann.

Is léir gur lárnach í an áit atá ag Crois Dhearg na hÉireann i ngnáthshaol na tíre; fuarthas fiosrúcháin thar roinnt mhaith de bhlianta ar an iliomad imeachtaí a raibh tábhacht náisiúnta ag baint leo, ina n-áirítear Buamáil Bhaile Átha Cliath/Mhuineacháin (1974), scríos Ambasáid na Breataine i mBaile Átha Cliath (1972) agus an t-aer-ruathar Gearmánach ar an Trá Thuaidh i mBaile Átha Cliath (1941). Bhí imeachtaí ann freisin a raibh baint dhíreach acu le hoibríochtaí Chrois Dhearg na hÉireann, mar shampla bunú Ospidéal Chrois Dhearg na hÉireann in St. Ló sa Normainn (1945), cúram leanaí san Eoraip iarchogaidh curtha i gcrích ag Operation Shamrock (1946) agus an cúram a tugadh do dhaoine ó Thuaisceart na hÉireann a theith ar thosú an achrainn, go háirithe i mBéal Feirste (1970).

Tá sonraí ar fáil ar na himeachtaí seo agus ar an iliomad daoine iomráiteacha a raibh baint acu le Crois Dhearg na hÉireann ach dul i dteagmháil le www.redcross.ie/achievements

Achoimre ar Chuntais

CUNTAS IONCAIM

Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2008

	2008 €	2008 €	Athshonraithe 2007 €	Athshonraithe 2007 €
Cistí Neamhshrianta				
Ioncam	4,277,643		4,109,583	
Caiteachas	(3,791,874)		(3,558,636)	
Barrachas i gcistí neamhshrianta		485,769		550,947
Cistí Srianta				
Ioncam	3,778,463		1,979,069	
Caiteachas	(8,267,874)		(10,532,633)	
(Easnamh) i gcistí srianta		(4,489,411)		(8,553,565)
(Easnamh) ioncaim thar caiteachas		(4,003,642)		(8,002,618)

Seo a leanas ráiteas iniúcháirí an Chumann:

Baineadh go cruinn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais anuas ó na ráitis airgeadais lán-iniúchta Cheannoifige Chrois Dhearg na hÉireann don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008 a bhfuil tuairisciú déanta againn orthu, gan cháiliú, 6 Meitheamh 2009.

Tá easnamh oibriucháin foriomlán ina oibríochtaí in 2008 taifeadtha ag an Chumann ina n-áirítear caiteachas a bhí pleanáilte le haghaidh oibríochtaí thar lear i réimse tionscadal daonchardúil agus tionscadal um fhóirithint anachaine. Tógadh an maoiniú le haghaidh an easnaimh oibriucháin i 2008 ó na cúlchistí airgid bharrachais ina sheilbh ag an chumann chun droch-chora mar seo a chlúdach. Ní raibh iasachtaí ar bith ann ina Chlár Comhardaithe ag an Chumann 31 Nollaig 2008

BDO Simpson Xavier

Iniúcháirí Cláraithe, Baile Átha Cliath, Éire.

MIONCHUNTAS IONCAIM**Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2008**

	2008 €	2008 €	Athshonraithe 2007 €	Athshonraithe 2007 €
Ioncam cistí neamhshrianta				
Ioncam deontaschúnta ag an Rialtas	821,000		801,000	
Scéim Dhífhibrileora	85,969		129,287	
Ranníocaí ó chraobhacha	103,536		155,645	
Fáltais ghinearálta	1,958,066		1,767,295	
Barrachas ó sholáthairtí	95,887		67,578	
Tionscadail in Éirinn	569,339		535,225	
Deontais CLAR – otharchairr	199,904		241,590	
Ranníocaí ó bhrainsí – otharchairr	227,005		366,848	
Cistí ainmnithe – J Kessell	52,947		45,115	
Feithiclí tugtha mar bhronntanais - don Chumann, de luach	63,990		0	
Díol talún i gCill Bhoth Éanna	100,000		0	
	4,277,643		4,109,583	
Caiteachas				
Caiteachas deontaschúnta ag an Rialtas - costais phárolla agus fhoirne	1,557,891		1,354,406	
Seirbhísí in Éirinn	605,148		596,325	
Tionscadail in Éirinn	392,696		401,450	
Caidrimh phoiblí (An Roinn Cumarsáide)	126,552		73,784	
Tiomsú airgid	190,143		142,579	
Scéim Dhífhibrileora	61,324		172,803	
Tionscadal 'Face'	0		101,067	
Laghdú ar fhoráil in aghaidh drochfhiach	0		(6,170)	
Riarachán	362,084		242,596	
Áitribh	57,014		68,114	
Táillí proifisiúnta	300,539		386,500	
Táillí cleamhnaithe	148,368		116,518	
Ginearálta	(12,389)		(96,500)	
Cistí ainmnithe – J Kessell	2,504		5,164	
	3,791,874		3,558,636	
Barrachas i gcistí neamhshrianta		485,769		550,947
Cistí srianta				
Ioncam i gcistí srianta	3,778,463		1,979,069	
Caiteachas i gcistí srianta	(8,267,874)		(10,532,633)	
(Easnamh) i gcistí srianta		(4,489,411)		(8,553,565)
Barrachas (caiteachais) thar ioncaim		(4,003,642)		(8,002,618)

Irish Red Cross
Crois Dhearg na hÉireann



Crois Dhearg na hÉireann
16 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: + 353 (0) 1 642 4600
Facs: + 353 (0) 1 661 4461
Rphost: info@redcross.ie
www.redcross.ie

Uimhir Chláraithe Charthanais: CHY 3950